# SOLÁTHAR FAISNÉISE DO THÁSTÁIL I LEITH MEASÚNÚ OIRIÚNACHTA I GCOMHAIR

## AN N6 CUARBHÓTHAR CHATHAIR NA GAILLIMHE

ULLMHAITHE LE HAGHAIDH COMHAIRLE CONTAE NA GAILLIMHE

| Tagairt an Tionscadail | Stádas | Údar | Seiceáilte ag | Ceadaithe ag | Dáta eisithe |
|---|---|---|---|---|---|
| **140014** | **Deiridh** | **AS** | **AC** | **AC** | 28.10.18 |

# Clár na nÁbhar

Leathanach

**1 Réamhrá 1**

**2 Modheolaíocht 1**

2.1 Treoir agus Cur Chuige 1
2.2 Staidéar Deisce 3
2.3 Modheolaíocht maidir le Measúnú Oiriúnachta 3

**3 Soláthar Faisnéise le haghaidh Tástáil maidir le Measúnú Oiriúnachta 5**

3.1 Cur síos ar an bhForbairt Bóthair atá Beartaithe 5
3.2 Aithint na mBealaí Iarmhartacha Féideartha in Éagmais Bearta Maolaithe 10
3.3 Crios Tionchair (ZoI) na Forbartha Bóthair atá Beartaithe a Shainiú 11
3.4 Láithreáin Eorpacha a aithint laistigh de Chrios Tionchair na Forbartha Bóthair atá Beartaithe 17
3.5 Éifeachtaí Suntasacha Dóchúla na Forbartha Bóthair atá Beartaithe ar ar Láithreáin Eorpacha a Aithint 19
3.6 An chaoi a bhféadfadh éifeachtaí gníomhú i gcomhar le chéile 21

**4 Conclúidí 23**

**5 Tagairtí 24**

# 1 Réamhrá

Éilíonn *Airteagal 6(3) de Threoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le Caomhnú Gnáthóga Nádúrtha agus Fána agus Fiadhúlra Fiáine* (arna leasú) (dá ngairfear an Treoir um Ghnáthóga anseo feasta), i gcás aon phlean nó tionscadail nach mbeidh baint dhíreach aige le bainistiú Láithreán Eorpach,[1] ach ar dócha go mbeadh éifeachtaí suntasacha acu orthu, ina n-aonar nó i gcomhcheangal le pleananna nó le tionscadail eile, go mbeidh siad faoi réir ag Measúnú Oiriúnachta maidir lena n-impleachtaí do na láithreáin Eorpacha i bhfianaise a gcuspóirí caomhnaithe. Trasuíodh ceanglais Airteagal 6(3) den Treoir um Ghnáthóga, a bhaineann leis an tionscadal molta seo, i ndlí na hÉireann le Cuid XAB den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000.

D'ullmhaigh Scott Cawley Ltd an tuarascáil seo, ina bhfuil faisnéis chun cabhrú leis na húdaráis inniúla tabhairt faoi scagadh maidir le Measúnú Cuí maidir leis an N6 Cuarbhóthar Chathair na Gaillimhe atá beartaithe (dá ngairfear anseo feasta an fhorbairt bóthair atá beartaithe). Soláthraíonn sé faisnéis agus déanann measúnú i bhfianaise an eolais eolaíoch is fearr ar na tionchair shuntasacha a bhféadfadh a bheith ag an bhforbairt beartaithe bóthair, ina n-aonar nó i gcomhcheangal le pleananna nó le tionscadail eile, ar aon Láithreán Eorpach.

Tá faisnéis sa tuarascáil seo le cur ar chumas Comhairle Contae na Gaillimhe a feidhm reachtúil a chomhlíonadh chun scagadh a dhéanamh maidir le Measúnú Cuí.

# 2 Modheolaíocht

## 2.1 Treoir agus Cur Chuige

Ullmhaíodh an tuarascáil seo i bhfianaise na ndoiciméad treorach seo a leanas, nuair a bhí siad ábhartha:

- *Measúnú Cuí ar Phleananna agus Tionscadail in Éirinn - Treoir d'Údaráis Phleanála.* (An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, athbhreithniú 2010)

[1] Déantar suíomhanna Natura 2000 a shainmhíniú faoin Treoir um Ghnáthóga (Airteagal 3) mar ghréasán éiceolaíochta Eorpach de limistéir chaomhnaithe speisialta atá comhdhéanta de shuíomhanna ina bhfuil na cineálacha gnáthóg nádúrtha atá liostaithe i bhFoscríbhinn I agus gnáthóga na speiceas atá liostaithe i bhFoscríbhinn II. Is í aidhm an ghréasáin ná cabhrú le fadmharthain na speiceas agus na ngnáthóg is luachmhaire san Eoraip atá faoi bhagairt.[1] In Éirinn, déantar na suíomhanna seo a dhearadh mar shuíomhanna Eorpacha - mar a shainmhínítear iad faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt agus/nó faoi Rialacháin Éan agus Gnáthóga mar (a) láithreán tábhachta Comhphobail molta, (b) láithreán tábhachta Comhphobail, (c) réimse speisialta caomhnaithe molta, (d) réimse speisialta caomhnaithe, (e) limistéar cosanta speisialta molta, nó (f) limistéar cosanta speisialta. Déantar tagairt dóibh go coitianta in Éirinn mar Limistéir Chaomhantais Speisialta molta (cSACanna) agus Limistéir faoi Chosaint Speisialta (SPAanna).

- *Measúnú Cuí faoi Airteagal 6 den Treoir um Ghnáthóga: Measúnú Cuí ar Phleananna agus Tionscadail in Éirinn - Treoir d'Údaráis Phleanála.* Ciorclán NPW 1/10 & PSSP 2/10
- *Iarratais ar cheadú i gcás Forbairtí Údaráis Áitiúla atá déanta chuig an mBord Pleanála faoi 177AE den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú (Measúnú Oiriúnachta); Treoirlínte d'Údaráis Áitiúla. An Bord Pleanála, Baile Átha Cliath* (An Bord Pleanála, 2013)
- *Measúnú ar Phleananna agus Tionscadail a bhfuil tionchar suntasach acu ar shuímh Natura 2000: Treoir Mhodheolaíoch maidir le Forálacha Airteagal 6(3) agus (4) den Treoir um Ghnáthóga 92/43/CEE (Coimisiún na hEorpa, 2001);* soláthraíonn an treoir atá sa doiciméad seo modheolaíocht neamhéigeantach chun measúnuithe a dhéanamh atá ag teastáil faoi Airteagal 6(3) agus (4) den Treoir maidir le Gnáthóga
- *Láithreáin Natura 2000 a Bhainistiú: Forálacha Airteagal 6 de Threoir 92/43/CEE maidir le Gnáthóga* (Ard-Stiúrthóireacht Comhshaoil an CE, 2000b)
- *Doiciméad Treorach maidir le hAirteagal 6(4) den Treoir um Ghnáthóga 92/43/CEE. Soiléiriú ar Choincheapa ar Réitigh Mhalartacha, Cúiseanna Ríthábhachtacha ó thaobh Leas Sáraitheach an Phobail, Bearta Cúitimh, Comhleanúnachas Foriomlán. Tuairim ón gCoimisiún Eorpach* (An Coimisiún Eorpach, Eanáir 2007)
- *Cumarsáid ón gCoimisiún faoi Phrionsabal an réamhchúraim. An Coimisiún Eorpach (2000a)*
- *Treoirlínte maidir le Dea-Chleachtais ó thaobh Measúnú Oiriúnachta ar Phleananna faoi Airteagal 6(3) den Treoir um Ghnáthóga.* Torthaí ó cheardlann idirnáisiúnta maidir le Measúnú Oiriúnachta in Oxford, Nollaig 2009

I measc na dtreoracha a leanadh le linn measúnachta ar chonairí tionchair féideartha agus ar éifeacht iarmharta, bhí:

- *Treoirlínte maidir le Measúnú Tionchair Éiceolaíochta sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn: Ar Thalamh, i bhFionnuisce agus ar Chósta, An 2ú heagrán* (CIEEM, 2016)
- *Treoirlínte maidir leis an bhFaisnéis atá le cur ar fáil i Ráitis Tionchar Timpeallachta* (an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 2002)
- *Nótaí Comhairleacha maidir leis an gCleachtas Reatha in ullmhú Ráiteas Tionchair Timpeallachta* (an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 2003)
- *(Nótaí Comhairleacha maidir le Ráitis Tionchar Timpeallachta a ullmhú,* an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Dréachtnótaí Comhairliúcháin 2015a)
- *Treoirlínte maidir leis an bhFaisnéis atá le cur ar fáil i Ráitis Tionchar Timpeallachta* (an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Dréacht Meán Fómhair 2015b)

- Sraith Treoirlínte Comhshaoil maidir le Pleanáil agus Tógáil Bóithre Náisiúnta (An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, 2005-2009) agus
- *Measúnú Tionchair Timpeallachta i gcás Scéimeanna Bóithre Náisiúnta - Treoir Phraiticiúil* (An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta 2008)
- *Treoirlínte maidir le Measúnú Tionchair Éiceolaíochta i gcás Scéimeanna Bóithre Náisiúnta - Treoir Phraiticiúil* (An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta 2009)

## 2.2 Staidéar Deisce

Tá liosta thíos de na foinsí sonraí deisce a úsáideadh in ullmhú na tuarascála seo:

- Torthaí na suirbhéanna éiceolaíocha a rinneadh mar chuid den staidéar um roghnú bealaigh *(An N6 Tionscadal Iompair Chathair na Gaillimhe: Tuarascáil faoi Roghnú Bealaigh* (Arup, 2015)[2]) agus staidéir MTC don N6 Cuarbhóthar Chathair na Gaillimhe
- Torthaí na suirbhéanna ar éin a rinneadh mar chuid de Ráiteas Tionchair Timpeallachta 2006 le haghaidh an N6 Seachbhóthar Seachtrach Chathair na Gaillimhe (RPS, 2006)
- Obair mhapála agus grianghrafadóireacht ón aer a rinne Suirbhéireacht Ordanáis Éireann atá ar fáil ó www.osi.ie
- Tacair sonraí ar líne atá ar fáil ar shuíomhanna Eorpacha, lena n-áirítear tacar sonraí faoi chórais faisnéise geografaí faoi ghnáthóga agus speicis, agus cuspóirí caomhnaithe agus cáipéisí (tacaíochta) atá ag an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra www.npws.ie
- Tacair shonraí ar líne atá ina seilbh ag an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta faoi speicis faoi chosaint agus ar féidir iad a fháil ag http://maps.biodiversityireland.ie
- Faisnéis/sonraí comhshaoil don cheantar atá ar fáil ó www.epa.ie (Envision Online Environmental Map Viewer - http://gis.epa.ie)
- Faisnéis maidir le stádas na ngnáthóg agus na speiceas atá faoi chosaint an AE in Éirinn (An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta & Fiadhúlra, 2013a agus 2013b)

## 2.3 Modheolaíocht i leith Measúnú Oiriúnachta

Is mar seo a leanas a dhéantar tástáil i leith measúnú oiriúnachta: an féidir a rá go cinnte nach bhfuil aon dóchúlacht ann go mbeidh éifeachtaí suntasacha ag an bhforbairt bhóthair atá beartaithe ar aon Láithreán Eorpach?

Déantar é seo a mheas agus cuirtear san áireamh nádúr na forbartha bóthair atá beartaithe agus an bhaint a bhféadfadh a bheith aige le láithreáin Eorpacha i bhfianaise na gcuspóirí caomhnaithe atá ceaptha dóibh, chomh maith le pleananna agus tionscadail eile a bhreithniú, agus prionsabal an réamhchúraim a chur i bhfeidhm. Déantar measúnú ar an mbaol go mbeadh tionchar suntasach ag an

[2] Tá an Tuarascáil faoi Roghnú Bealaigh ar fáil ó http://www.n6galwaycity.ie

bhforbairt bhóthair atá beartaithe ar aon Láithreán Eorpach nó ar láithreáin Eorpacha in éagmais aon bhearta maolaithe a bhféadfadh a bheith ag teastáil chun aon tionchar féideartha a sheachaint, a laghdú nó a leigheas.

Leanadh an próiseas seo a leanas sa tuarascáil seo le cabhrú chun an cheist seo a fhreagairt:

- Fáil amach an bhfuil baint dhíreach ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe le bainistiú cúrsaí caomhnaithe aon cheann de na láithreáin Eorpacha nó an bhfuil sí riachtanach dóibh[3]
- Cur síos ar an bhforbairt bhóthair atá beartaithe
- Crios Tionchair (ZoI) na forbartha bóthair atá beartaithe a shainiú. Is ionann an Crios Tionchair agus an limistéar ina bhféadfadh tionchar a bheith aige ar láithreáin Eorpacha. Déantar iad sin a shainiú trí chonairí tionchair a aithint a d'fhéadfadh a bheith ann idir an fhorbairt bóthair atá beartaithe agus láithreáin Eorpacha, ag cur san áireamh nádúr na forbartha bóthair atá beartaithe agus an chaoi a bhféadfadh sé tionchar a imirt ar chuspóirí caomhnaithe na Láithreán Eorpach. Go ginearálta, is iad cuspóirí caomhnaithe Láithreáin Eorpaigh ná bail fhabhrach chaomhantais Leas Cáilitheachta (QI) na speiceas agus na ngnáthóg atá ann a choimeád nó a athbhunú. Is ionann gnáthóga agus speicis QI agus na gnáthóga agus na speicis sin ar roghnaíodh láithreáin Eorpacha ar mhaithe leo agus atá mar bhunús le hainmniú na Láithreán Eorpach. I gcás SPAanna, is iad Leasanna Caomhantais Speisialta (SCIanna) seachas QIanna is cúis lena n-ainmniú (cé go dtugtar QIanna orthu uaireanta sa doiciméad seo ar mhaithe le simplíocht). I gcás inar fhoilsigh an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra cuspóirí caomhantais sonracha do láithreáin Eorpacha, tá dálaí fabhracha caomhantais gnáthóga QI an láithreáin agus/nó speiceas QI/SCI sainithe i gcuspóirí caomhantais an láithreáin mar shraith thréithe, bearta agus spriocanna sonracha
- Maidir le haithint na Láithreán Eorpach atá laistigh de Chrios Tionchair na forbartha bóthair atá beartaithe agus a d'fhéadfadh, nó ar dócha go bhféadfadh, a bheith faoi réir ag éifeachtaí suntasacha ó thaobh a gcuid cuspóirí caomhantais a bhaineann le coinneáil nó le hathchur dálaí fabhracha caomhantais na speiceas agus na ngnáthóg sin ar ainmníodh iad mar Láithreáin Eorpacha dá mbarr
- Aon phleananna nó tionscadail eile a aithint a d'fhéadfadh gníomhú i gcomhar le chéile chun tionchar suntasach a imirt ar aon Láithreán Eorpach

[3]Sa chás seo ní bhaineann an fhorbairt bheartaithe go díreach le bainistiú cúrsaí caomhnaithe aon cheann de na láithreáin Eorpacha.

# 3 Soláthar Faisnéise le haghaidh Tástáil maidir le Measúnú Oiriúnachta


## 3.1 Cur síos ar an bhForbairt Bhóthair atá Beartaithe

Is éard atá i gceist leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe ná thart faoi 5.6km de charrbhealach aonair (a mbeidh thart faoi 12.3m de dhromchla pábháilte ann de ghnáth agus 3.0m d’imeall féir ar an dá thaobh) ón taobh thiar de Bhearna chomh fada le Bóthar Bhaile an Mhóinín agus thart faoi 11.9km de charrbhealach dúbailte (a mbeidh 21.6m de dhromchla pábháilte ann agus 3.0m d’imeall féir ar an dá thaobh) ón áit sin chomh fada leis an nasc thoir leis an N6 atá ag Cúil Each, Cnoc Mhaoil Drise, chomh maith le nascbhóithre gaolmhara, taobh-bhóithre, acomhail agus déanmhais.

Beidh an fhorbairt bheartaithe bóthair nasctha leis an R336 Bhóthar an Chósta ag an mBaile Nua le hacomhal timpeallláin de réir gráid thart faoi 2km ar an taobh thiar de shráidbhaile Bhearna agus ar aghaidh go Baile an Mhóinín agus sínfidh sé ó thuaidh agus soir ansin mar charrbhealach singil ó thuaidh o Shráidbhaile Bhearna agus ar aghaidh uaidh sin i dtreo Bhaile an Mhóinín. Tá timpeallláin de réir gráid ceaptha don ar an mBóthar ó Bhearna go Maigh Cuilinn, an L1321 agus tá timpeallláin de réir gráid mar aon le comharthaí  molta ag Bóthar na Ceapaí agus Bóthar Bhaile An Mhóinín.


Débhealach a bheidh sa bhforbairt bóthair atá beartaithe ar an taobh thoir d’Acomhal Bhóthar Bhaile An Mhóinín, agus leanfaidh sé ar aghaidh soir agus beidh Acomhal roinnte de réir gráid ar an N59 i Leitreach. Beidh an t-acomhal nasctha leis an N59 Bóthar Mhaigh Cuilinn trí bhíthin Bhóthar Ceangail ó Thuaidh an N59 atá molta, agus le Bóthar Leitreach agus Bóthar Rathúin trí bhíthin Bhóthar Ceangail ó Dheas an N59, atá molta. Leanfaidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe soir go dtí an N59 Bóthar Mhaigh Cuilinn atá ann cheana féin ag an Daingean agus gluaisfidh sí ar tharbhealach thar Áiseanna Áineasa Ollscoil na hÉireann, Gaillimh sula ngluaisfidh sí ar dhroichead thar Abhainn na Gaillimhe agus cSAC Loch Coirib. Beidh an droichead thar Abhainn na Gaillimhe 21m ar leithead. Leathnóidh lorg na forbartha bóthair atá beartaithe go 27.5m ar bhruach thoir Abhainn na Gaillimhe agus laistigh de cSAC Loch Coirib idir Ch. 9+250 agus Ch. 9+550 agus leathnóidh sé go leithead uasta de thart ar 90m chun go mbeidh spás ann don chlaífort bóthair agus don dearadh draenála (féach **Pláta 1** thíos). Níl aon soilsiú bóthair molta ar feadh na coda seo den fhorbairt bóthair atá beartaithe.

**Pláta 1: An Fhorbairt Bóthair Molta ó Ch. 9+250 go Ch. 9+550**




Leanfaidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe ar aghaidh soir ar an gclaífort i dtreo bhaile fearainn Mhionlach. Idir Ch. 9+850 agus Ch. 10+150 beidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe laistigh de cSAC Loch Coirib, nó díreach in aice leis (féach **Pláta 2** thíos). Níl aon soilsiú bóthair molta ar feadh na coda seo den fhorbairt bóthair atá beartaithe.

**Pláta 2: An Fhorbairt Bóthair Molta ó Ch. 9+950 go dtí Ch. 10+150**




Leanfaidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe soir thar Bhóthar Nua agus fanfaidh sí ar chuid de Tharbhealach Mhionlach i dtreo an tSeanbhóthair sula rachaidh sí trí ghearradh roimh Thollán Lacaigh, díreach siar ó Choiréal Leacaigh, agus tiocfaidh sí amach as an tollán sa chairéal. Tá an bealach ón iarthair go Tollán Leacaigh agus an draenáil a bhaineann leis laistigh de cSAC Loch Coirib (ó Ch. 10+600 go dtí Ch. 11+00), agus rithfidh an tollán féin faoi bhun an cSAC (ó Ch. 10+150 go dtí Ch. 11+400, féach **Pláta 3** thíos). Níl aon soilsiú bóthair molta ar feadh na coda seo den fhorbairt bóthair atá beartaithe.

**Pláta 3: An Fhorbairt Bóthair Molta ó Ch. 10+600 go dtí Ch. 11+400**




Leanfaidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe soir agus beidh acomhal scartha de réir gráid suite ag Acomhal an N84 Bhóthar Áth Cinn ag Baile an Phoill agus leanfaidh sé soir trí bhaile fearainn an Chaisleáin Ghearr go dtí an t-acomhal a bheith scartha de réir grád ar an N17 Bóthar Thuama. Soláthraíonn an t-acomhal seo rochtain ar an N17 Bóthar Thuama agus ar Bhóthar Cheangail na Páirce Móire atá beartaithe idir Páirc Ghnó Bhaile an Bhriotaigh agus Eastát Tionsclaíoch na Páirce Móire trí Bhóthar Ceangail Pháirc Ghnó na Cathrach Thuaidh atá beartaithe sa chaoi go mbeidh nascacht iomlán le fáil san áit seo.

Leanfaidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe soir ó dheas ansin agus isteach i dTollán Ráschúrsa na Gaillimhe ag Baile an Bhriotaigh ar an taobh ó thuaidh den ráschúrsa. Nuair a fhágfaidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe an tollán leanfaidh sí soir ó dheas go dtí go rachaidh sí thar an R339 Bóthar Mhuine Mheá ar chlaífort agus leanfaidh sí ar aghaidh ó dheas go dtí go rachaidh sí isteach i ngearradh nuair a shroichfidh sí an N6 atá ann faoi láthair ag Acomhal Chúil Each. Beidh Acomhal Chúil Each atá beartaithe ina acomhal iomlán scartha de réir gráid ag a mbeidh saorshreabhadh páirteach ar na mórghluaiseachtaí.

Tá sé i gceist leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe córas nua draenála a thógáil lena n-áirítear córas chun uisce dromchla a bhailiú, draenáil oibreacha créafóige, draenáil fo-dhromchla, tanú agus rialú truaillithe, agus srutháin atá ann faoi láthair a chur trí lintéir. Dearadh an fhorbairt bóthair atá beartaithe sa chaoi go gcuirfear draenáil uisce dromchla agus draenáil fho-dhromchla ar fáil do charrbhealach na príomhlíne atá molta, agus do na hacomhail, do nascbhóithre agus do na codanna nua de na bóithre áitiúla.

Mar gheall ar na gnéithe geolaíochta codarsnachta atá ar fáil ar fud na forbartha bóthair atá beartaithe, is féidir an cineál draenála nádúrtha a roinnt ina dhá chatagóir leathana difriúla siar agus soir ón N59 Bóthar Mhaigh Cuilinn.

- Sileann an bháisteach agus an t-uisce dromchla draenáilte ar an taobh thiar den N59 Bóthar Mhaigh Cuilinn os cionn na talún go pointí ísle sa tír-raon ina bhfuil díoga agus srutháin éadoimhne. Cloch eibhir í an bhuncharraig. Cruthaíonn sí úiscíoch de thábhacht íseal de ghnáth sna háiteanna sin ina bhfuil an bhuncharraig neamhtháirgiúil ach amháin i gcriosanna áitiúla. Bíonn an maoschlár gar go leor don dromchla de ghnáth.
- Ar an taobh thoir den N59 Bóthar Mhaigh Cuilinn sileann an bháisteach agus an t-uisce dromchla go nádúrtha go díreach isteach sa talamh agus nuair a thiteann an chuimse bháistí bailíonn sí ag pointí ísle agus i lochanna séasúracha sa tír-raon. Is í aolchloch an bhuncharraig faoin taobh sin tíre. Uiscíoch carstach a bhfuil tábhacht réigiúnach ag baint leis is ea an t-uiscíoch agus sreabhadh seoltáin is mó a bhíonn i gceist ann. Mura gcuirtear Abhainn na Gaillimhe, Abhainn Thír Oileáin, Loch Bhaile an Dúlaigh agus Lochanna Chúil Each san áireamh níl aon dobharlach suntasach eile sa cheantar ar an taobh thoir den N59 Bóthar Mhaigh Cuilinn.

Úsáideadh dhá chatagóir éagsúla draenála nádúrtha sa chur chuige maidir le dearadh draenála don fhorbairt bóthair atá beartaithe. Chomh maith le huisce a bhaint go héifeachtach ó dhromchla an bhóthair agus ón dromchla pábhála, tá sé mar aidhm ag an dearadh draenála an tionchar ó thaobh rith chun srutha ón bhforbairt bóthair atá beartaithe ar an timpeallacht glactha a íoslaghdú trí mhacasamhlú a dhéanamh ar shreabhadh nádúrtha an uisce an oiread agus is féidir, ar fud na forbartha bóthair atá beartaithe. Bainfear é seo amach trí úsáid a bhaint as bearta inbhuanaithe draenála éagsúla.

Déanfar an t-uisce dromchla uile a bhaileoidh córas draenála iompair an charrbhealaigh atá beartaithe a urscaoileadh chuig sruthchúrsaí nó chuig séaraigh stoirme atá ann cheana féin a thrasnóidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe iad nó a bheidh cóngarach di, nó scaoilfear é isteach sa talamh trí insíothlú. Cuirfear tanú ar fáil ag pointí éalaithe agus sceite ar feadh na forbartha bóthair atá beartaithe lena áirithiú nach mbeidh aon drochthionchar ag an urscaoileadh thuas in aghaidh an tsruthchúrsa nó thíos uaidh sa sruthchúrsa nó sa séarach agus chun go mbeidh dóthain ama ann chun go bhféadfar é a insíothlú isteach sa talamh. Cuirfear bearta rialaithe truaillithe i bhfeidhm ar gach líonra sula sileann uisce uathu/nó sula n-urscaoileann siad uisce lena chinntiú nach dtruailleofar na dobharlaigh ghlactha ag rith chun srutha ón bhforbairt bóthair atá beartaithe.

Go hachomair, is é seo a leanas bunús an dearaidh don straitéis draenála:

- Ar an taobh thiar den N59 Bóthar Mhaigh Cuilinn, déanfar an t-uisce dromchla a bhailíonn córas draenála an charrbhealaigh a urscaoileadh isteach i gcúrsaí uisce a thrasnaíonn an fhorbairt bóthair atá beartaithe, nó in aice leis, agus a shilfidh sé sa deireadh thiar isteach i gCuan na Gaillimhe. Sileann roinnt de na sruthchúrsaí seo go díreach isteach i limistéar Bhá na Gaillimhe atá laistigh de cSAC Coimpléasc Bhá na Gaillimhe nó isteach in Abhainn na Gaillimhe, nó chuig craobh-abhainn, atá laistigh de cSAC Loch Coirib.

- Ar an taobh thoir den N59 Bóthar Mhaigh Cuilinn scaoilfear an t-uisce dromchla a bhaileofar i gcóras draenála an charrbhealaigh isteach sa talamh trí insíothlú, ach amháin i gcás an dá líonra draenála a urscaoilfear go díreach isteach in Abhainn na Gaillimhe agus isteach i dtrí líonra a urscaoilfear isteach i gcraobhaibhneacha a shileann sa deireadh thiar isteach i cSAC Abhainn na Gaillimhe. Tá ceann amháin de na himchuacha insíothlaithe le haghaidh an dearadh draenála laistigh de cSAC Loch Coirib agus beidh idirghníomhaíocht idir an screamhuisce a silfidh ón imchuach sin agus na himchuacha insíothlaithe eile leis an screamhuisce agus na dobharlaigh laistigh de cSAC Loch Coirib.
- Áireofar sa dearadh draenála draenacha scagtha, locháin mhaolúcháin agus cainéil uisce dromchla faoi fhéar, idircheapóirí peitril agus ola, bogaigh agus báisíní insíothlaithe.

## 3.2 Na Bealaí Iarmhartacha Féideartha a Aithint in Éagmais Bearta Maolaithe

Bíonn láithreáin Eorpacha i mbaol ó thaobh tionchar suntasach ón bhforbairt bóthair atá beartaithe i gcás ina bhfuil nasc ó fhoinse go cosán go gabhdóir idir an fhorbairt bóthair atá beartaithe agus an Láithreán Eorpach. D'fhonn tionchar a bheith ann ní mór go mbeadh baol ann go mbeadh 'foinse' (m.sh. obair thógála), 'gabhdóir' (m.sh. cSAC/SPA nó a ngnáthóga nó a speicis QI), agus cosán idir an fhoinse agus an gabhdóir (m.sh. sruthchúrsa a nascann foinse an tionchair ag suíomh na n-oibreacha atá beartaithe leis an cSAC/SPA). Ní chiallaíonn riosca tionchair go dtarlóidh sé go huathoibríoch, ná go mbeidh sé suntasach. Mar sin féin, má aithnítear riosca ciallaíonn sé sin go bhféadfadh tionchar éiceolaíochta nó comhshaoil a bheith ann, agus go mbraithfidh leibhéal agus tábhacht an tionchair ar nádúr agus ar an nochtadh don riosca, agus ar shaintréithe an ghabhdóra. Déantar measúnú ar an riosca go mbeadh tionchar suntasach ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar láithreáin Eorpacha mura gcuirfear aon bhearta maolaithe i bhfeidhm a d'fhéadfadh aon tionchar féideartha a laghdú nó a leigheas.

Is iad na príomhfhoinsí tionchair agus na bealaí tionchair a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe ná:

- caillteanas, ilroinnt agus/nó díghrádú gnáthóg go díreach mar thoradh ar thollánú, tochailt nó oibreacha tógála eile
- caillteanas nó díghrádú gnáthóg go díreach mar thoradh ar scáthú ó struchtúir arda
- díghrádú gnáthóg go hindíreach agus/nó tionchair dhíreacha a imirt ar speicis fána de bharr tionchair ar an gcóras hidreolaíoch atá ann faoi láthair
- díghrádú gnáthóg go hindíreach agus/nó iarmhairtí díreacha ar speiceas fána de bharr laghdú ar cháilíocht uisce i gcúrsaí uisce/uiscebhealaí glactha
- díghrádú gnáthóg go hindíreach de bharr speicis plandaí neamhdhúchasacha ionracha a thabhairt isteach nó a leathadh (lena n-áirítear i mbealaí uisce talún agus in uisce dromchla araon)
- díghrádú gnáthóg go hindíreach mar thoradh ar cháilíocht an aeir a laghdú

- suaitheadh, damáiste agus/nó díláithriú go díreach nó go hindíreach a dhéanamh ar speiceas fána lena n-áirítear ar a gcuid láithreáin/acmhainní pórúcháin, scíthe agus beathaithe mar thoradh ar oibreacha foirgníochta
- rioscaí báis a d'fhéadfadh a bheith ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe do speiceas fána le linn tógála nó oibríochta

## 3.3 Crios Tionchair (ZoI) na Forbartha Bóthair atá Beartaithe a Shainiú

Is éard atá sa Chrios Tionchar ná an limistéar ina bhféadfadh an fhorbairt bóthair atá beartaithe tionchair shuntasacha a bheith aici ar láithreáin Eorpacha, nó níos sainiúla, ina bhféadfadh sí difear a dhéanamh do bhail chaomhantais gnáthóg nó speiceas QI. Níl aon achar leagtha síos a meastar a bheith ábhartha maidir le láithreáin Eorpacha (.i. laistigh de Chrios Tionchair na forbartha bóthair atá beartaithe) maidir le Measúnú Cuí. Mhol an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra in 2010 “ba cheart an t-achar a mheas ar bhonn cás ar chás trí thagairt do nádúr, méid agus suíomh an tionscadail, agus d’íogaireacht na ngabhdóirí éiceolaíochta, agus an chaoi a bhféadfadh tionchair éagsúla oibriú i gcomhcheangal le chéile”. Mar riail ghinearálta, is minic a mheastar gur mhaith an rud é na láithreáin Eorpacha go léir laistigh de 15km a scrúdú ar dtús. I gcásanna áirithe, i gcás ina bhfuil naisc forleathana hidreolaíocha/hidrigeolaíocha i gceist, d'fhéadfadh sé tarlú gur gá dobharcheantar iomlán abhann nó uiscíoch screamhuisce a chur san áireamh chun an crios tionchair a chinneadh.

Nuair a aithníodh na foinsí tionchair, agus nuair a cuireadh na bealaí agus na gabhdóirí san áireamh, sainíodh an crios tionchair féideartha maidir le láithreáin Eorpacha mar:

- gach Láithreán Eorpach laistigh den teorainn forbartha bóthair atá beartaithe nó in aice leis
- iad siúd atá níos faide thíos ó gach sruthchúrsa a rachaidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe tharstu
- iad siúd a roghnaíodh ó thaobh gnáthóga agus speicis atá ag brath ar screamhuisce agus a thagann faoi chrios tionchair screamhuisce a sainíodh don fhorbairt bóthair [4]
- iad siúd atá laistigh d’achar ón bhforbairt bóthair atá beartaithe ina bhféadfadh sé tarlú go ndéanfaí suaitheadh ar speiceas fána QI le linn na tógála nó na hoibríochta (.i. laistigh de 300m nó laistigh de 800m i gceantair ina bhféadfadh pléascadh a bheith ar siúl iontu ar feadh tréimhse fhada)

---

[4]Rinneadh imscrúduithe mionsonraithe hidreolaíocha agus fuarthas comhairle ó hidrigeolaithe na foirne dearaidh nuair a bhí crios tionchair féideartha na forbartha bóthair atá beartaithe á shainiú ó thaobh bealaí tionchair hidreolaíocha. Measadh go bhfuil crios tionchair níos áitiúla i gceist ina áiteanna nach bhfuil buncharraig tháirgiúil fúthu (.i. i gcuid thiar na forbartha bóthair atá beartaithe áit arb é eibhear an bhuncharraig thíos fúithi), i gcomparáid le limistéir bhoireannacha sa chuid thoir den fhorbairt bóthair atá beartaithe. Mar sin féin, sna cásanna ba mheasa, bheadh an crios tionchair ó thaobh tionchair hidreolaíocha go maith faoi bhun 300m.

- iad siúd atá laistigh d’achar ina bhféadfadh iarmhairtí a bheith ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar chaighdeán an aeir le linn oibríochta agus ina bhféadfaí tionchar a imirt ar ghnáthóga

Rinneadh breithniú freisin ar cibé an bhfuil láithreáin Eorpacha níos faide amach laistigh de chrios tionchair na forbartha bóthair atá beartaithe maidir le tionchair *ex situ* ar speiceas QI/SCI, nuair a chuirtear san áireamh raon taistil na speiceas agus iad ag fiach, a raon baile agus na naisc idir láithreáin mháithreachais, phórúcháin agus gheimhriúcháin. Déantar iad seo a phlé ar bhealach níos mionsonraithe thíos i **Roinn 3.4**.

Taispeántar i **bhFigiúr 1** an t-achar is mó a d’fhéadfadh a bheith ag crios tionchair na forbartha bóthair atá beartaithe, agus na láithreáin Eorpacha atá ann. Tá sonraí le fáil i **dTábla 1** thíos faoi na ceithre Láithreán Eorpacha atá laistigh de chrios tionchair na forbartha bóthair atá beartaithe. Luaitear sa tábla i bhFoscríbhinn A na láithreáin Eorpacha go léir atá laistigh den limistéar níos leithne ina mbeidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe, mar aon le cuntas achomair ar na fáthanna a bhfuil na láithreáin Eorpacha go léir lasmuigh dá chrios tionchair ach amháin i gcás na gceithre cinn atá liostaithe i **dTábla 1** thíos.

**Tábla 1: Sonraí faoi láithreáin Eorpacha atá laistigh de chrios tionchair na Forbartha Bóthair atá beartaithe**

| **Ainm an Láithreáin** | **Suíomh ó thaobh na Scéime Molta** | **Leasanna Cáilitheacha/Leasanna Speisialta Caomhantais**<br>**(* = Gnáthóga Tosaíochta Foscríbhinn I)** |
|---|---|---|
| **Limistéar Caomhantais Speisialta molta (cSAC)** | | |
| **cSAC Loch Coirib 000297** | Rachaidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe trí cSAC Loch Coirib san áit ina dtrasnóidh sí Abhainn na Gaillimhe agus thíos faoina bhun cóngarach do Choiréal Leacaigh. | **Gnáthóga Foscríbhinn I:**<br>• [3110] Uiscí olagalatrófacha ó mhánna gainimh nach bhfuil ach fíorbheagán mhianraí iontu *(Littorelletalia uniflorae)*<br>• [3140] Olaga crua-uiscí méiseatrófacha ina bhfuil fásra beantach *Chara spp*<br>• [3260] Cúrsaí uisce ó leibhéil mhánna go leibhéil sléibhe a bhfuil fásra *Ranunculion fluitantis* agus *Callitricho-Batrachion* iontu<br>• [6210] Féaraigh thirime leath-nádúrtha agus faiséis scrubthaite ar fhoshraitheanna calcharacha (*Festuco Brometalia*) (* láithreáin thábhachtacha magairlíní)<br>• [6410] Móinéir *Molinia* ar ithreacha caláracha, móna nó cré a bhfuil -siolta- tríothu *(Molinion caeruleae)*<br>• [7110] Portaigh thógtha ghníomhacha *<br>• [7120] Portaigh thógtha dhíghrádaithe atá in ann iad féin a athghiniúint go nádúrtha fós<br>• [7150] Logáin ar fhoshraitheanna móna |

| **Ainm an Láithreáin** | **Suíomh ó thaobh na Scéime Molta** | **Leasanna Cáilitheacha/Leasanna Speisialta Caomhantais**<br>**(* = Gnáthóga Tosaíochta Foscríbhinn I)** |
|---|---|---|
| | | *Rhynchosporion*<br>• [7210] Eanaigh chailcreacha ina bhfuil *Cladium mariscus* agus speicis den *Caricion davallianae* *<br>• [7220] Fuaráin chlochraithe ina bhfuil túfa ag fás (*Cratoneurion*) *<br>• [7230] Eanaigh alcaileacha<br>• [8240] Pábháil aolchloiche *<br>• [91A0] Seanchoillte darach gaelach ina bhfuil *Ilex* agus *Blechnum* sna hOileáin Bhriotanacha<br>• [91D0] Coillearnach Phortaigh *<br>• [3130] Uiscí ó olagatrófach go méiseatrófach ina bhfuil fásra *Littorelletea uniflorae* agus/nó Isoëto-Nanojuncetea[5]<br>**Speicis Foscríbhinn II:**<br>• [1029] Diúilicíní Péarla Fionnuisce - *Margaritifera margaritifera*<br>• [1092] An Chráifisc Liathdhonn - *Austropotamobius pallipes*<br>• [1095] An Loimpre Mhara - *Petromyzon marinus*<br>• [1096] An loimpre shrutháin - *Lampetra planeri*<br>• [1106] Bradán an Atlantaigh - *Salmo salar* (i bhfionnuisce amháin)<br>• [1303] An Chrú-ialtóg bheag - *Rhinolophus hipposideros*<br>• [1355] An Madra Uisce - *Lutra lutra*<br>• [1393] An Cleitchaonach caol, uaine - *Drepanocladus* (*Hamatocaulis*) *vernicosus*<br>• [1833] An tSíofróg uisce - *Najas flexilis* |


[5]Cé nach bhfuil sé liostaithe fós ar an leagan de chuspóirí caomhantais na láithreán atá ar fáil ón tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra mar chuspóirí Caomhantais cSAC Loch Coirib [000297], chuir an tSeirbhís in iúl gur tugadh cead go gcuirfí an ghnáthóg Foscríbhinn I seo san áireamh mar leas cáilitheach cSAC Loch Coirib

| **Ainm an Láithreáin** | **Suíomh ó thaobh na Scéime Molta** | **Leasanna Cáilitheacha/Leasanna Speisialta Caomhantais**<br>**(* = Gnáthóga Tosaíochta Foscríbhinn I)** |
|---|---|---|
| **cSAC Coimpléasc Bhá na Gaillimhe 000268** | Tá an fhorbairt bóthair atá beartaithe thart ar 160m ón cSAC ag Coillte Bhearna agus trasnaíonn sí cúrsaí uisce éagsúla a shileann isteach i gCuan na Gaillimhe | **Gnáthóga Foscríbhinn I**:<br>• [1140] Réileáin láibe agus réileáin ghainimh nach mbíonn faoi fharraige ag lag trá<br>• [1150] Murlaigh cósta *<br>• [1160] Góilíní móra éadoimhne agus cuanta<br>• [1170] Sceireacha<br>• [1220] Fásra ilbhliantúil ar bhruacha clochacha<br>• [1310] *Salicornia* agus bliantóga eile a dhéanann coilíniú ar láib agus gaineamh<br>• [1330] Móinéir ghoirt an Atlantaigh (*Glauco-Puccinellietalia maritimae*)<br>• [1410] Móinéir ghoirt na Meánmhara (*Juncetalia maritimi*)<br>• [3180] Turlaigh *<br>• [5130] *Juniperus communis* ag fás le chéile ar fhraochmhánna nó ar thailte féaraigh cailcreacha<br>• [6210] Féarach tirim leathnádúrtha agus faiséis scrobarnaí ar fhoshraitheanna calcharacha (*Festuco Brometalia*) (* láithreáin thábhachtacha magairlíní)<br>• [7210] Eanaigh cailcreacha ina bhfuil *Cladium mariscus* agus speicis den *Caricion davallianae* *<br>• [7230] Eanaigh alcaileacha<br>**Speicis Foscríbhinn II:**<br>• [1355] An Madra Uisce *Lutra lutra*<br>• [1365] An rón beag *Phoca vitulina* |
| **Limistéar Cosanta Speisialta (SPA)** | | |
| **SPA Loch Coirib 004042** | Tá an fhorbairt bóthair atá beartaithe thart ar 203m ón SPA ag an bpointe is gaire dó | • An Ghé Bhánéadanach Ghraonlannach (*Anser albifrons flavirostris*) [A395] (Éan geimhridh)<br>• An Gadual (*Anas strepera*) [A051] (Éan geimhridh)<br>• An Spadalach (*Anas clypeata*) [A056] (Éan geimhridh)<br>• An Póiseard (*Aythya ferina*) [A059] (Éan geimhridh) |

| **Ainm an Láithreáin** | **Suíomh ó thaobh na Scéime Molta** | **Leasanna Cáilitheacha/Leasanna Speisialta Caomhantais (* = Gnáthóga Tosaíochta Foscríbhinn I)** |
|---|---|---|
| | | • An Lacha bhadánach (*Aythya fuligula*) [A061] (Éan geimhridh)<br>• Cromán na gCearc (*Circus cyaneus*) [A082] (Éan geimhridh)<br>• An Chearc cheannann (*Fulica atra*) [A125] (Éan geimhridh)<br>• An Fheadóg bhuí (*Pluvialis apricaria*) [A140] (Éan geimhridh)<br>• An Sléibhín (*Chroicocephalus ridibundus*) [A179] (Pórú)<br>• An Faoileán bán (*Larus canus*) [A182] (Pórú)<br>• An Gheabhróg (*Sterna hirundo*) [A193] (Pórú)<br>• An Gheabhróg Artach (*Sterna paradisaea*) [A194] (Pórú)<br>• An Scótar (*Melanitta nigra*) [A065] (pórú)<br>• Bogaigh |
| **SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh 004031** | Tá an fhorbairt bóthair atá beartaithe thart ar 1.1km ón SPA ag Cuan Órán Mór agus Cuan an Roisín araon | • An Lóma mór (*Gavia immer*) [A003] (Éan geimhridh)<br>• An Broigheall (*Phalacrocorax carbo*) [A017] (Pórú)<br>• An Corr réisc liath (*Ardea cinerea*) [A028] (Éan geimhridh)<br>• An Cadhan (*Branta bernicla hrota*) [A046] (Éan geimhridh)<br>• An Lacha rua (*Anas penelope*) [A050] (Éan geimhridh)<br>• An Phraslacha (*Anas crecca*) [A052] (Éan geimhridh)<br>• An Spadalach (*Anas clypeata*) [A056] (Éan geimhridh)<br>• An tSíolta rua (*Mergus serrator*) [A069] (Éan geimhridh)<br>• An Fheadóg chladaigh (*Charadrius hiaticula*) [A137] (Éan geimhridh)<br>• An Fheadóg bhuí (*Pluvialis apricaria*) [A140] (Éan geimhridh)<br>• An Pilibín (*Vanellus vanellus*) [A142] (Éan |

| Ainm an Láithreáin | Suíomh ó thaobh na Scéime Molta | Leasanna Cáilitheacha/Leasanna Speisialta Caomhantais (* = Gnáthóga Tosaíochta Foscríbhinn I) |
|---|---|---|
| | | geimhridh)<br>• An Bhreacóg (*Calidris alpina*) [A149] (Éan geimhridh)<br>• An Guilbneach stríocearrach, (*Limosa lapponica*) [A157] (Éan geimhridh)<br>• An Crotach (*Numenius arquata*) [A160] (Éan geimhridh)<br>• An Cosdeargán (*Tringa totanus*) [A162] (Éan geimhridh)<br>• An Piardálaí trá (*Arenaria interpres*) [A169] (Éan geimhridh)<br>• An Sléibhín (*Chroicocephalus ridibundus*) [A179] (Éan geimhridh)<br>• An Faoileán bán (*Larus canus*) [A182] (Éan geimhridh)<br>• An Gheabhróg scothdhubh (*Sterna sandvicensis*) [A191] (Pórú)<br>• An Gheabhróg (*Sterna hirundo*) [A193] (Pórú)<br>• Bogaigh & Éin uisce [A999] |

A3




**FOR INFORMATION**

**Legend**

- Proposed Development Boundary
- Proposed Development Boundary 15km Buffer
- 20170602_N6GCRR_ZoI...
- Special Protection Area (SPA)
- candidate Special Area of Conservation (cSAC)

San áireamh tá sonraíocht Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann arna atáirgeadh faoi Cheadúnas OSI Uimh. 2010/17CCMA/ComhairleContae na Gaillimhe.
Sáraíonn atáirgeadh neamhúdaraithe cóipcheart Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann agus Rialtas na hÉireann. © Suirbhéireacht Ordanáis Éireann, 2010.
© SuirbhéireachtOrdanáis Éireann. Gach ceart ar chosaint.Uimhir cheadúnais 2010/17CCMA/Comhairle Contae na Gaillimhe.

Includes Ordnance Survey Ireland data reproduced under OSi Licence number 2010/17CCMA/Galway County Council. Unauthorised reproduction infringes Ordnance Survey Ireland and Government of Ireland copyright. © Ordnance Survey Ireland, 2010. © Ordnance Survey Ireland. All rights reserved. Licence number 2010/17CCMA/Galway County Council.

Clients

Consultant

ARUP

Corporate House
City East Business Park
Ballybrit, Galway, Ireland

Tel +353 (0)91 460675
www.N6GalwayCity.ie
www.arup.ie

Job Title

**N6 Galway City Ring Road**

Scale: **1:200,000**

Date: **June 2017**

| Issue | Date | By | Chkd | Appd |
|---|---|---|---|---|
| I1 | 02/06/2017 | AG | MH | EM |

Drawing Title

European sites within the ZoI of the proposed road development

Drawing Status

**FOR INFORMATION**

| Job No | Drawing No | Issue |
|---|---|---|
| **233985-04** | **Figure 1** | **I1** |

## 3.4 Láithreáin Eorpacha a aithint laistigh de Chrios Tionchair na Forbartha Bóthair atá Beartaithe

Rinneadh measúnú ar nádúr agus ar scála na forbartha bóthair atá beartaithe agus scrúdaíodh na bealaí ina bhféadfadh tionchar a bheith aici ar láithreáin Eorpacha chun cinneadh a dhéanamh faoi cad iad na láithreáin Eorpacha a bhí taobh istigh de chrios tionchair na forbartha bóthair atá beartaithe, agus dá bhrí sin a bhféadfadh a bheith i mbaol de bharr éifeachtaí suntasacha.

Measadh gur dócha go mbeadh tionchar suntasach ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar na láithreáin Eorpacha seo a leanas mura gcuirfear bearta maolaithe i bhfeidhm:

- SAC Loch Coirib
- SPA Loch Coirib
- cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe
- SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh

Taispeántar na háiteanna ina bhfuil na láithreáin Eorpacha sin i gcomparáid leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe, i **bhFigiúr 1**.

Tá ceithre láithreán Eorpacha suite laistigh de 10km ón bhforbairt bóthair atá beartaithe agus rinneadh tionchair *ex situ* ar speicis OI/SCI a mheas ina gcás siúd. Rinneadh iad  a mheas le féachaint an bhfuil aon riosca ag baint leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe chun tionchair a imirt ar chuspóirí caomhnaithe speiceas QI/SCI, in ainneoin go bhfuil na láithreáin Eorpacha iad féin lasmuigh dá crios tionchair. Díríodh sa chás sin ar speiceas a bhféadfadh a réimsí cónaithe nó seilge, a suíomhanna neadaithe/áiteanna fara (agus na naisc eatarthu) síneadh thar theorainneacha an cSAC/SPA, in ainneoin nach bhfuil aon bhealach hidreolaíoch nó hidrigeolaíoch idir na láithreáin Eorpacha agus an fhorbairt bóthair atá beartaithe.

Is iad seo a leanas na suíomhanna sin: cSAC Choimpléasc Phortach Chonamara (agus an fritileán réisc *Euphydryas aurinia*), SPA Choimpléasc Phortach Chonamara (agus líonta phórúcháin an bhroighill, an meirliún *Falco columbarius*, an fheadóg bhuí agus an faoileán bán), cSAC Loch agus Coillte an Rois (agus an chrú-ialtóg bheag) agus SPA Riasc Chreig Eanaigh (agus an ghé bhánéadanach Ghraonlannach *Anser albifrons flavirostris*).

1. Tá cSAC Choimpléasc Phortach Chonamara suite thart faoi 6km siar ó thuaidh den fhorbairt bhóthair atá beartaithe. Speiceas is ea an fritileán réisc a bhfuil líonra paistí oiriúnacha gnáthóige riachtanach dó laistigh dá réimse eitilte chun a líonta a choinneáil buan sa cheantar. Cé gur taifeadadh gur ghluais siad achair fhada (suas le 20km), de ghnáth ní ghluaisean an speiceas mórán agus is annamh a scaiptear iad níos faide na 6.5km (Lavery, 1993; Hula et al. 2004; Betzholtz et al. 2007; Junker & Schmitt, 2010; Botham et al. 2011; agus, Zimmermann et al., 2011). Dá bhrí sin, ní bheidh

tionchar ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar an dinimicíocht reatha atá ag líon fritileán réisc cSAC Choimpléasc Phortach Chonamara ar bhealach ar bith agus ní bheidh tionchar aige ar na cuspóirí caomhnaithe a thacaíonn leis an mbail chaomhantais atá orthu i cSAC Choimpléasc Phortach Chonamara.

2. Tá SPA Choimpléasc Phortach Chonamara thart faoi 9km siar ó thuaidh ón bhforbairt bóthair atá beartaithe agus mar sin níl aon bhaol go mbeidh tionchar ag an bhforbairt ar rath pórúcháin sna láithreacha neadaithe laistigh den SPA: na lochanna i gcás an bhroighill agus an fhaoileáin bháin, agus gnáthóga ardthailte i gcás an mheirliúin agus na feadóige buí.

3. Tá cSAC Loch agus Coillte an Rois suite thart faoi 10km ó thuaidh den fhorbairt bóthair atá beartaithe agus is é sin an suíomh Eorpach is gaire a roghnaíodh don Chrú-ialtóg bheag - *Rhinolophus hipposideros*. Tá an fara ina bhfuil líonta QI an Láithreáin Eorpaigh seo (foirgnimh ag Teach An Rois) breis is 13km ón bhforbairt bóthair atá beartaithe. Meastar go bhfuil an t-achar sin níos faide ná gnáthréimse sealgaireachta na n-ialtóg ag Teach an Rois agus níos faide ná gnáthachar comaitéireachta an speicis, ach amháin ar ócáidí eisceachtúla nó thar thréimhsí fada ama; mar shampla, nuair a bhíonn ialtóga ag scaipeadh agus ag bogadh leo go limistéir éagsúla sa taobh sin tíre thar na blianta nó thar ghlúine éagsúla. Ina theannta sin, léirigh suirbhéanna raidió-rianta ar líon ialtóga Mhionlach (atá suite laistigh de cheantar staidéir na scéime) a rinneadh don tionscadal seo i 2014 agus i 2015 nach raibh aon fhianaise ann go raibh nasc idir an daonra sin agus an fara ag Teach an Rois. Toisc nach bhfuil aon nasc idir an fhorbairt bóthair atá beartaithe agus fara Theach an Rois, ní bheidh tionchar ag an bhforbairt ar dhinimicíocht reatha líon na gChrú-ialtóga beaga cSAC Loch agus Coillte an Rois ar bhealach ar bith agus ní chuirfear isteach ar na cuspóirí caomhantais a thacaíonn leis an mbail chaomhantais i cSAC Loch agus Coillte an Rois. De thoradh na conclúide sin, ní bheidh aon tionchar ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar na chrú-ialtóga beaga in aon cheann de na cSACanna eile a roghnaíodh don speiceas seo (atá níos faide fós ón bhforbairt bóthair atá beartaithe).

4. Tá SPA Riasc Chreig Eanaigh suite thart faoi 4km soir ó dheas ón bhforbairt bóthair atá beartaithe. Níl aon taifead le fáil faoi ghéanna bánéadanacha Ghraonlannacha ó aon cheann de na suíomhanna éan geimhridh a ndearnadh suirbhé orthu i gcomhair na forbartha bóthair atá beartaithe. Dá bhrí sin, ní baol an fhorbairt bóthair atá beartaithe do líon na ngéanna geimhridh ag an suíomh seo.

Tá gach SPA eile suite níos mó ná 10km ón bhforbairt bóthair atá beartaithe. Meastar go bhfuil an t-achar sin níos faide ná gnáth-raon comaitéireachta speiceas pórúcháin nó geimhridh SCI. Eisceacht iad ná éin a chaitheann an geimhreadh in Éirinn sula ngluaiseann siad chuig nó óna n-áiteanna síolraithe; mar shampla, filleann na healaí glóracha óna n-áiteanna síolraithe san Íoslainn chun an geimhreadh a chaitheamh in Éirinn. Is é an t-eolas eolaíochta is fearr atá ann faoi láthair ná nach baol iad bóithre do líon na n-éan geimhridh le linn na ngluaiseachtaí imirceacha seo (nuair a dhéantar caillteanas gnáthóige a mheas i gcomhthéacs áiteanna stoptha; rud nach dtagann chun cinn i gcomhthéacs na

forbartha bóthair atá beartaithe) agus ní dhéanfar difear d'áiteanna pórúcháin ná do réimsí baile na n-éan má bhíonn siad níos faide ná 10km ón mbóthar. Dá réir sin, ní baol do chuspóirí caomhantais aon láithreáin SPA eile an fhorbairt bóthair atá beartaithe.

## 3.5 Éifeachtaí Suntasacha Dóchúla na Forbartha Bóthair atá Beartaithe ar ar Láithreáin Eorpacha a Aithint

Tugtar achoimre thíos i **dTábla 2** ar an gcaidreamh foinse go cosán go gabhdóir idir an fhorbairt bóthair atá beartaithe agus na ceithre Láithreán Eorpacha atá laistigh dá Chrios Tionchair.

**Tábla 2: Bealaí tionchair aitheanta agus láithreáin Eorpacha (gabhdóirí) atá i mbaol ó thaobh Torthaí Suntasacha ón bhForbairt Bóthair Molta mura gcuirfear bearta maolaithe i bhfeidhm**

| Foinse Tionchair | Bealach Tionchair agus Láithreán Eorpacha (Láithreáin Eorpacha) i mbaol ó Thorthaí Suntasacha Dóchúla |
|---|---|
| Caillteanas Gnáthóige | Rachaidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe trí cSAC Loch Coirib san áit ina dtrasnóidh sí Abhainn na Gaillimhe agus thíos faoina bhun cóngarach do Choiréal Leacaigh. Mura gcuirfear bearta maolaithe i bhfeidhm d'fhéadfadh sé go mbeadh caillteanas sealadach agus/nó buan de ghnáthóga QI agus neamh-QI ann laistigh den cSAC. |
| Ilroinnt Gnáthóige | Ós rud é go rithfidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe thar cSAC Loch Coirib tarlóidh roinnt caillteanas agus ilroinnt gnáthóige. |
| Díghrádú gnáthóige - tollánú/tochailt | D'fhéadfadh tollánú agus/nó tochailtí doimhne ag Cairéal Leacaigh tionchar a imirt ar chobhsaíocht struchtúrtha ghnáthóg QI ar leibhéal an dromchla laistigh de cSAC Loch Coirib. |
| Díghrádú gnáthóige - hidrigeolaíocht | D'fhéadfadh tollánú agus tochailtí ag Tollán Leacaigh tionchar a imirt ar an gcóras hidrigeolaíoch atá ann a thacaíonn leis an loch agus le gnáthóga bogaigh laistigh de cSAC Loch Coirib ag Lochanna Chúil Each.<br>D'fhéadfadh tochailtí nó gearrthacha doimhne eile tionchar a imirt ar an réimeas hidrigeolaíoch a thacaíonn le gnáthóg bogaigh a thacaíonn le speicis éan SCI i de chuid SPA Loch Coirib agus/nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh ag láitreáin *ex situ*. |
| Caillteanas nó díghrádú gnáthóige - scáthú | Má laghdaítear an méid báistí a thiteann go díreach ar áit nó an méid sholas na gréine a scalann anuas uirthi d'fhéadadh sé tionchar a imirt ar chomhdhéanamh an fhásra agus ar struchtúr na ngnáthóg. D'fhéadfadh sé sin tarlú |

| **Foinse Tionchair** | **Bealach Tionchair agus Láithreán Eorpacha (Láithreáin Eorpacha) i mbaol ó Thorthaí Suntasacha Dóchúla** |
|---|---|
| | faoin dhromchla ard an droichid atá molta thar Abhainn na Gaillimhe a rachaidh trasna cSAC Loch Coirib ag Mionlach/An Daingean. |
| Díghrádú gnáthóige - cáilíocht uisce | Má laghdaítear cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha le linn tógála nó oibríochta (ó sceitheadh uisce dromchla éillithe agus/nó doirte nó truailliú de thimpiste) d'fhéadfadh sé tionchar a imirt ar ghnáthóga QI agus/nó ar speicis i limistéir níos faide thíos i cSAC Loch Coirib, i cSAC Coimpléasc Chuan na Gaillimhe agus i SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh. |
| Díghrádú gnáthóige - cáilíocht an aeir | Má laghdaítear cáilíocht an aeir de bharr tógála agus/nó oibríochta d'fhéadfadh sé tionchar a imirt ar ghnáthóga QI (agus sna cásanna is measa ar ghnáthóga a bhfuil speiceas fána QI ag brath orthu) laistigh de cSAC Loch Coirib (m.sh. drochthionchar a imirt ar struchtúr agus ar chomhdhéanamh fásra gnáthóga QI). |
| Díghrádú gnáthóige - speicis ionracha neamhdhúchasacha | Má thugtar isteach nó má leatar speicis neamhdhúchasacha ionracha le linn oibreacha tógála nó oibreacha cothabhála le linn oibríochta na forbartha bóthair atá beartaithe d'fhéadfadh sé sin difear a dhéanamh do ghnáthóga QI laistigh de cSAC Loch Coirib, agus níos faide síos i cSAC Coimpléasc Chuan na Gaillimhe agus i SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh (m.sh. chun drochthionchar a bheith aige ar struchtúr agus ar chomhdhéanamh fásra gnáthóg QI). |
| Damáiste/suaitheadh /díláithriú | D'fhéadfadh suaitheadh le linn tógála nó oibríochta (m.sh. torann, creathadh, soilsiú saorga nó méadú ar ghníomhaíocht daoine) damáiste nó cur isteach a dhéanamh ar speicis QI nó iad a dhílonnú óna láithreáin phóraithe/scíthe nó ó na háiteanna ina mbíonn siad ag ithe nó óna ngnáthóga tacaíochta (m.sh. gnáthóga sealgaireachta) agus d'fhéadfadh sé sin tarlú ag céimeanna tábhachtacha ina saolréanna, lena n-áirítear láithreáin *ex-situ* a mheas[6] agus an ról atá acu maidir le tacú le speicis éan SCI na SPAanna a bhfuil tionchar orthu agus speiceas QI na cSACanna a bhfuil tionchar orthu. |

[6]Tá cur síos i gcáipéisí cuspóirí caomhnaithe na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra ar an ngá atá le machnamh a dhéanamh ar úsáid réimsí gnáthóga *ex situ* lasmuigh den SPA ag speiceas éan SCI (m.sh. Cuid 3.1 agus 5.2 maidir le *Limistéar um Chosaint Speisialta Chuan na Gaillimhe Laistigh (Cód an tSuímh 4031), Doiciméad Tacaíochta um Chuspóirí Caomhnaithe, Leagan 1).* In éagmais doiciméad maidir le cuspóirí caomhnaithe a bhaineann go sonrach le SPA Loch Coirib, cuirtear é sin i bhfeidhm freisin chun tionchair ar an suíomh seo a mheas. Tugtar suíomhanna *ex-situ* ar na réimsí sin sa tuarascáil seo agus déantar iad a shainmhíniú mar limistéir ghnáthóg atá suite laistigh de chúlchríoch an SPA, nó i gceantair a bhfuil baint éiceolaíoch acu leo agus a thacaíonn le speicis éan SCI.

| Foinse Tionchair | Bealach Tionchair agus Láithreán Eorpacha (Láithreáin Eorpacha) i mbaol ó Thorthaí Suntasacha Dóchúla |
|---|---|
| | D'fhéadfadh sé seo difear a dhéanamh do speicis QI/SCI agus do chuspóirí caomhantais cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Coimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh. |
| Éifeacht bacainne | D'fhéadfadh an fhorbairt bóthair atá beartaithe bac a chur le speicis uisceacha le linn tógála (le linn oibreacha ar dhroichid/lintéir/ ath-ailíniú sruthán) nó le linn oibríochta (m.sh. mura ndearfaí na droichid/lintéir chun go bhféadfadh speicis uisce gluaiseacht fúthu nó tríothu). D'fhéadfadh sé seo difear a dhéanamh do na speicis QI agus do chuspóirí caomhantais cSAC Loch Coirib agus cSAC Coimpléasc Chuan na Gaillimhe. |
| Baol báis | Cruthóidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe baol báis/imbhuailte le trácht ar bhóithre do speicis fána le linn na tógála (m.sh. básanna de bharr oibreacha foirgníochta) agus le linn oibríochta an bhóthair (m.sh. baol imbhuailte le trácht ar an mbóthar). D'fhéadfadh sé seo difear a dhéanamh do na speicis QI agus do chuspóirí caomhantais cSAC Loch Coirib agus cSAC Coimpléasc Chuan na Gaillimhe. |

## 3.6 An chaoi a bhféadfadh éifeachtaí gníomhú i gcomhar le chéile

Maidir le haon phleananna nó tionscadail eile a bhfuil conairí tionchair acu a nascann iad leis na láithreáin Eorpacha céanna sin atá laistigh de Chrios Tionchair na forbartha bóthair atá beartaithe d'fhéadfadh siad oibriú i gcomhar le chéile agus éifeachtaí suntasacha a bheith acu ar na láithreáin Eorpacha seo a leanas - cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Coimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh.

Aithníodh i gcás na bpríomhphleananna agus na tionscadail seo a leanas go bhféadfadh siad gníomhú i gcomhar leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe chun tionchar a imirt ar na láithreáin Eorpacha[7] seo:

- **Pleananna Náisiúnta**

  Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Ísealcharbóin - Seasamh na hÉireann um Beartas Náisiúnta

  Straitéis Spáis Náisiúnta d'Éirinn 2002 – 2020

[7] Ba cheart a thabhairt faoi deara nach bhfuil sé i gceist go mbeadh an liosta sin uileghabhálach ach go bhfuil sé i gceist aige béim a leagan ar na príomhphleananna agus na tionscadail a bhfuil sé de chumas acu gníomhú i gcomhar leis an bhforbairt bheartaithe chun drochthionchar a imirt ar shláine na Láithreán Eorpach

Taisteal níos Cliste Todhchaí an Iompair Inbhuanaithe 2009 – 2020

Bia Cliste 2025

Clár Forbartha Tuaithe na hÉireann 2014 – 2020

Bealach an Atlantaigh Fhiáin Clár Oibríochta 2015 – 2019

- **Pleananna Réigiúnacha**

Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha do Réigiún an Iarthair 2010 – 2022

Staidéar Measúnaithe agus Bainistíochta Riosca i gcás Tuilte in Abhantrach an Iarthair

- **Pleananna Contae/Áitiúla**

Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015 – 2021

Plean Forbartha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2017 – 2023

Plean Forbartha Contae an Chláir 2017 – 2023

Plean Forbartha Contae Mhaigh Eo 2014 – 2020

Plean Ceantair Áitiúil na Gaeltachta 2008 – 2018

Plean Ceantair Áitiúil Bhaile Átha an Rí 2012 – 2018

Plean Ceantair Áitiúil Bhearna 2007 – 2017

Plean Ceantair Áitiúil an Ghoirt 2013 – 2019

Plean Ceantair Áitiúil Áth Cinn 2015 – 2021

Plean Ceantair Áitiúil Bhaile Locha Riach 2011 – 2018

Plean Ceantair Áitiúil Mhaigh Cuilinn 2013 – 2019

Plean Ceantair Áitiúil Órán Mór 2012 – 2018

Plean Ceantair Áitiúil Thuama 2011 – 2017

Straitéis Iompair na Gaillimhe

- **Tionscadail Bhonneagair Iompair**

  An M6 Limistéar Seirbhíse Mótarbhealaigh

  An M17 Gaillimh go Tuaim

  An N18 Órán Mór go dtí An Gort

  An N17 Seachbhóthar Thuama

  An N59 An Clochán go dtí an Teach Dóite Forbairt Bóthair Molta

  N59 an Teach Dóite go hUachtar Ard Forbairt Bóthair Molta

  Tionscadal Bóthair An N59 Sheachbhóthar Mhaigh Cuilinn

  Scéim bóthair An R336 ó Bhearna go Scríb trí Ros an Mhíl

  Rotharbhealach ó Ghaillimh go Baile Átha Cliath

  Glasbhealach ó Ghaillimh go hUachtar Ard

  Glasbhealach Bhearna

- **Scéimeanna Cosanta Cósta**

  Scéim Cosanta Cósta ó Shálaín go Trá an Talaimh Bháin

  Oibreacha um Chosaint Chósta Bhóthar na Trá (ón gCarraig Dhubh go Cumann Gailf na Gaillimhe)

- **Tionscadail Bhonneagair Eile**

  Síneadh molta le Calafort Chuan na Gaillimhe

  Scéimeanna soláthair uisce

  Oibreacha Cóireála Fuíolluisce

# 4 Conclúidí

Tar éis scrúdú, anailís agus meastóireacht a dhéanamh ar an bhfaisnéis ábhartha, lena n-áirítear go háirithe, nádúr na forbartha bóthair atá beartaithe agus an bhaint a bhféadfadh a bheith aici le láithreáin Eorpacha agus tar éis pleananna agus tionscadail eile a scrúdú, cuireadh prionsabal an réamhchúraim i bhfeidhm, agus is tuairim ghairmiúil údair na tuarascála seo nach féidir tionchair shuntasacha ar na ceithre Láithreán Eorpacha seo a leanas a chur as an áireamh; cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Coimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh.

Rinneadh an breithiúnas seo ar bhunús na bhfoinsí agus bealaí tionchair seo a leanas a bhaineann leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe agus a bhféadfadh speicis agus gnáthóga QI/SCI a bheith i mbaol uathu:

- caillteanas, ilroinnt agus/nó díghrádú gnáthóg a tharlódh go díreach mar thoradh ar thollánú, tochailt nó oibreacha tógála eile

- caillteanas nó díghrádú gnáthóg go díreach mar thoradh ar scáthú ó struchtúir arda
- díghrádú gnáthóg go hindíreach mar thoradh ar thionchair ar an gcóras hidrigeolaíoch atá ann faoi láthair
- díghrádú gnáthóg go hindíreach mar thoradh ar laghdú ar cháilíocht uisce i gcúrsaí uisce/uiscebhealaí glactha
- díghrádú gnáthóg go hindíreach mar thoradh ar speicis plandaí ionracha neamhdhúchasach a thabhairt isteach nó a scaipeadh (lena n-áirítear i mbealaí uisce talún agus in uisce dromchla araon)
- díghrádú gnáthóg go hindíreach mar thoradh ar cháilíocht an aeir a laghdú
- suaitheadh, damáiste agus/nó díláithriú go díreach nó go hindíreach a dhéanamh ar speiceas fána lena n-áirítear ar a gcuid láithreáin/acmhainní pórúcháin, scíthe agus beathaithe mar thoradh ar oibreacha foirgníochta
- oibreacha foirgníochta nó struchtúir bhuana de bharr na forbartha bóthair atá beartaithe a chuirfeadh bac le gluaiseacht speiceas agus a chuirfeadh speicis fána i mbaol báis

Ar na cúiseanna seo, is é tuairim ghairmiúil údair na tuarascála seo gur gá Measúnú Cuí a dhéanamh ar an iarratas ar thoiliú don fhorbairt bóthair atá beartaithe chun measúnú a dhéanamh an mbeadh drochthionchar ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar ar shláine na gceithre Láithreán Eorpacha; cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Coimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh.

Is é tuairim ghairmiúil údair na tuarascála seo ná go bhféadfaidh raon feidhme an Mheasúnaithe Chuí a bheith teoranta do na ceithre Láithreán Eorpacha atá luaite mar gur léiríodh sa tuarascáil seo, go bhfuil gach Láithreán Eorpach eile lasmuigh de chrios tionchair na forbartha bóthair atá beartaithe agus dá bhrí sin, gur féidir aon éifeachtaí suntasacha ar aon láithreáin Eorpacha eile a chur as an áireamh.

# 5 Tagairtí

An Bord Pleanála. (2013) *Iarratais ar cheadú d'Fhorbairtí Údarás Áitiúil a rinneadh chuig an mBord Pleanála faoi 177AE den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú (Measúnú Cuí); Treoirlínte d'Údaráis Áitiúla:* An Bord Pleanála, Baile Átha Cliath.

CIEEM. (2016) *Guidelines for Ecological Impact Assessment in the UK and Ireland: Terrestrial, Freshwater and Coastal,* an 2ú heagrán: Winchester, U.K Chartered Institute of Ecology and Environmental Management.

An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. (2010) *Measúnú cuí ar Phleananna agus Tionscadail in Éirinn - Treoir d'Údaráis Phleanála:* (An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, Athbhreithnithe Feabhra 2010).

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. (2002) *Treoirlínte maidir leis an bhfaisnéis is gá a bheith i Ráitis Tionchar Timpeallachta.*

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. (2003) *Nótaí Faisnéise maidir leis an gCleachtas Reatha in Ullmhú Ráiteas Tionchar Timpeallachta.*

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. (2015a) *Nótaí Faisnéise maidir le Ráitis Tionchair Timpeallachta a ullmhú (dréacht Meán Fómhair 2015).*

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. (2015b) *Treoirlínte Athbhreithnithe maidir leis an bhFaisnéis atá le cur ar fáil i Ráitis Mheasúnachta Tionchair Timpeallachta. Dréacht, Meán Fómhair 2015).*

An Coimisiún Eorpach. (2000a) *Cumarsáid ón gCoimisiún maidir le prionsabal an réamhchúraim.*

An Coimisiún Eorpach. (2000b) Láithreáin Natura 2000 a bhainistiú: Forálacha Airteagal 6 de Threoir maidir le Gnáthóga 92/43/CEE (Ard-Stiúrthóireacht Chomhshaoil an CE, 2000); dá ngairfear "MN2000" anseo feasta.

An Coimisiún Eorpach. (2001) Measúnú Pleananna agus Tionscadail a bhfuil Tionchar Suntasach acu ar Láithreáin Natura 2000: Treoir Mhodheolaíoch maidir le Forálacha Airteagal 6(3) agus (4) de Threoir 92/43/CEE maidir le Gnáthóga (Ard-Stiúrthóireacht Chomhshaoil an Choimisiúin Eorpaigh).

An Coimisiún Eorpach. (2007) *Treoir maidir le hAirteagal 6(4) de Threoir 92/43/CEE maidir le Gnáthóga. Soiléiriú ar Choincheapa Réitigh Malartacha, Soiléiriú ar Choincheapa ar Réitigh Mhalartacha, Cúiseanna Ríthábhachtacha ó thaobh Leas Sáraitheach an Phobail, Bearta Cúitimh, Comhleanúnachas Foriomlán.*

An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta & Fiadhúlra. (2010). *Ciorclán NPW 1/10 & PSSP 2/10 Measúnacht chuí faoi Airteagal 6 den Treoir maidir le Gnáthóga: Treoir d'Údaráis Phleanála.* (An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil).

An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta & Fiadhúlra. (2013a) *Stádas Gnáthóga agus Speiceas faoi Chosaint an AE in Éirinn*. Imleabhar 2 Measúnuithe ar Ghnáthóga. Leagan 1.0. Tuarascáil neamhfhoilsithe, Seirbhísí Páirceanna Náisiúnta & Fiadhúlra: An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Baile Átha Cliath, Éire.

An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta & Fiadhúlra. (2013b) *Stádas Gnáthóg agus Speiceas faoi Chosaint an AE in Éirinn*. Measúnuithe ar Speicis Imleabhar 3, Leagan 1.0. Neamhfhoilsithe Tuarascáil de chuid na Seirbhísí Páirceanna Náisiúnta & Fiadhúlra nár foilsíodh: An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Baile Átha Cliath, Éire.

Taifead ar Dhéanmhais Chosanta (RPS). (2006) *An N6 Seachbhóthar Seachtrach Chathair na Gaillimhe*. *Ráiteas Tionchair Timpeallachta.:* Comhairle Contae na Gaillimhe agus Comhairle Cathrach na Gaillimhe.

## Foscríbhinn A

**Tábla na Láithreán Eorpach agus iad siúd atá laistigh de chrios tioncair na forbartha bóthair atá beartaithe**. Leagtar béim ar láithreáin Eorpacha atá laistigh de Chrios Tionchair trína n-aibhsiú mar rónna liatha sa tábla seo.

| **Cur síos ar láithreáin Eorpacha agus sainaithint na láithreán atá laistigh de Chrios Tionchair na forbartha bóthair atá beartaithe. Leagtar béim ar láithreáin Eorpacha atá laistigh den Crios Tionchair trína n-aibhsiú mar rónna liatha sa tábla seo.** | | |
|---|---|---|
| **Ainm & Cód an tSuímh** | **An fáth a bhfuil/nach bhfuil an láithreán laistigh de Crios Tionchair** | **Leasanna Cáilitheacha/Leasanna Speisialta Caomhantais** |
| **Limistéar Caomhantais Speisialta molta** | | |
| **cSAC Loch Coirib 297** | Rachaidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe trí cSAC Loch Coirib san áit ina dtrasnóidh sí Abhainn na Gaillimhe agus thíos faoina bhun cóngarach do Choiréal Leacaigh. Mar gheall ar an réimse bealaí ar féidir tionchar a imirt ar an Láithreán Eorpach seo tá sé laistigh de Crios tionchair na forbartha bóthair atá beartaithe. | **Gnáthóga Foscríbhinn I (* *Gnáthóga Tosaíochta*):**<br>• [3110] Uiscí olagalatrófacha ó mhánna gainimh nach bhfuil ach fíorbheagán mhianraí iontu *(Littorelletalia uniflorae)*<br>• [3140] Olaga crua-uiscí méiseatrófacha ina bhfuil fásra beantach *Chara spp*<br>• [3260] Cúrsaí uisce ó leibhéil mhánna go leibhéil sléibhe a bhfuil fásra *Ranunculion fluitantis* agus *Callitricho-Batrachion* iontu<br>• [6210] Féaraigh thirime leath-nádúrtha agus faiséis scrobarnaí ar fhoshraitheanna calcharacha (*Festuco Brometalia*) (* láithreáin thábhachtacha magairlíní)<br>• [6410] Móinéir *Molinia* ar ithreacha caláracha, móna nó cré a bhfuil -siolta- tríothu *(Molinion caeruleae)*<br>• [7110] Portaigh thógtha ghníomhacha *<br>• [7120] Portaigh thógtha dhíghrádaithe atá in ann iad féin a athghiniúint go nádúrtha fós<br>• [7150] Logáin ar fhoshraitheanna móna *Rhynchosporion*<br>• [7210] Eanaigh chailcreacha ina bhfuil *Cladium mariscus* agus speicis den *Caricion davallianae* *<br>• [7220] Fuaráin chlochraithe ina bhfuil túfa ag fás (*Cratoneurion*) *<br>• [7230] Eanaigh alcaileacha<br>• [8240] Pábháil aolchloiche * |

| **Cur síos ar láithreáin Eorpacha agus sainaithint na láithreán atá laistigh de Chrios Tionchair na forbartha bóthair atá beartaithe. Leagtar béim ar láithreáin Eorpacha atá laistigh den Crios Tionchair trína n-aibhsiú mar rónna liatha sa tábla seo.** | | |
|---|---|---|
| **Ainm & Cód an tSuímh** | **An fáth a bhfuil/nach bhfuil an láithreán laistigh de Crios Tionchair** | **Leasanna Cáilitheacha/Leasanna Speisialta Caomhantais** |
| | | • [91A0] Seanchoillte darach gaelach ina bhfuil *Ilex* agus *Blechnum* sna hOileáin Bhriotanacha<br>• [91D0] Coillearnach Phortaigh *<br>**Speicis Foscríbhinn II *(** Speicis Foscríbhinn IV freisin)*:**<br>• [1029] Diúilicíní Péarla Fionnuisce - *Margaritifera margaritifera*<br>• [1092] An Chráifisc Liathdhonn - *Austropotamobius pallipes*<br>• [1095] An Loimpre Mhara - *Petromyzon marinus*<br>• [1096] An loimpre shrutháin - *Lampetra planeri*<br>• [1106] Bradán an Atlantaigh - *Salmo salar* (i bhfionnuisce amháin)<br>• [1303] An Chrú-ialtóg bheag - *Rhinolophus hipposideros* **<br>• [1355] An Madra Uisce *Lutra lutra*<br>• [1393] An Cleitchaonach caol, uaine - *Drepanocladus* (*Hamatocaulis*) *vernicosus*<br>• [1833] An tSíofróg uisce - *Najas flexilis* ** |
| **cSAC Coimpléasc Chuan na Gaillimhe 268** | Tá an fhorbairt bóthair atá beartaithe thart ar 160m ón cSAC ag Coillte Bhearna agus trasnaíonn sí cúrsaí uisce éagsúla a shileann isteach i gCuan na Gaillimhe. Mar gheall ar an réimse bealaí ar féidir tionchar a imirt ar an Láithreán Eorpach seo tá sé laistigh de Crios tionchair na forbartha bóthair atá beartaithe. | **Gnáthóga Foscríbhinn I *(* Gnáthóga Tosaíochta)*:**<br>• [1140] Réileáin láibe agus réileáin ghainimh nach mbíonn faoi fharraige ag lag trá<br>• [1150] Murlaigh cósta *<br>• [1160] Góilíní móra éadoimhne agus cuanta<br>• [1170] Sceireacha |

| **Cur síos ar láithreáin Eorpacha agus sainaithint na láithreán atá laistigh de Chrios Tionchair na forbartha bóthair atá beartaithe. Leagtar béim ar láithreáin Eorpacha atá laistigh den Crios Tionchair trína n-aibhsiú mar rónna liatha sa tábla seo.** | | |
|---|---|---|
| **Ainm & Cód an tSuímh** | **An fáth a bhfuil/nach bhfuil an láithreán laistigh de Crios Tionchair** | **Leasanna Cáilitheacha/Leasanna Speisialta Caomhantais** |
| | | • [1220] Fásra ilbhliantúil ar bhruacha clochacha<br>• [1310] *Salicornia* agus bliantóga eile a dhéanann láib agus gaineamh a choilíniú<br>• [1330] Móinéir ghoirt an Atlantaigh (*Glauco-Puccinellietalia maritimae*)<br>• [1410] Móinéir ghoirt na Meánmhara (*Juncetalia maritimi*)<br>• [3180] Turlaigh *<br>• [5130] *Juniperus communis* ag fás le chéile ar fhraochmhánna nó ar thailte féaraigh cailcreacha<br>• [6210] Féarach tirim leathnádúrtha agus faiséis scrobarnaí ar fhoshraitheanna calcharacha (*Festuco Brometalia*) (* láithreáin thábhachtacha magairlíní)<br>• [7210] Eanaigh cailcreacha ina bhfuil *Cladium mariscus* agus speicis den *Caricion davallianae* *<br>• [7230] Eanaigh alcaileacha<br>**Speicis Foscríbhinn II *(** Speicis Foscríbhinn IV freisin)*:**<br>• [1355] An Madra Uisce *Lutra lutra* **<br>• [1365] An rón beag *Phoca vitulina* |
| cSAC Féarach Ard Raithin (002244) | Suite thart faoi 13km soir ó dheas ón bhforbairt bóthair atá beartaithe. Níl aon nasc hidreolaíoch ná hidrigeolaíoch leis an Láithreán Eorpach seo. Níl aon chonairí tionchar, díreach ná indíreach, trína bhféadfaí tionchar a imirt ar an Láithreán Eorpach seo. Níl aon tionchair fhéideartha | **Gnáthóga Foscríbhinn I *(* Gnáthóga Tosaíochta)*:**<br>• [4060] Fraochmhánna Alpacha agus Bóireacha<br>• [5130] *Juniperus communis* ag fás le chéile ar fhraochmhánna nó ar thailte féaraigh cailcreacha |

| **Cur síos ar láithreáin Eorpacha agus sainaithint na láithreán atá laistigh de Chrios Tionchair na forbartha bóthair atá beartaithe. Leagtar béim ar láithreáin Eorpacha atá laistigh den Crios Tionchair trína n-aibhsiú mar rónna liatha sa tábla seo.** | | |
|---|---|---|
| **Ainm & Cód an tSuímh** | **An fáth a bhfuil/nach bhfuil an láithreán laistigh de Crios Tionchair** | **Leasanna Cáilitheacha/Leasanna Speisialta Caomhantais** |
| | *ex situ* ann a bhaineann leis an Láithreán Eorpach seo. | • [8240] Pábháil aolchloiche * |
| cSAC Thurlach Chill Tiarnáin (001285) | Suite thart faoi 12km soir ó dheas den fhorbairt bóthair atá beartaithe. Níl aon nasc hidreolaíoch ná hidrigeolaíoch leis an Láithreán Eorpach seo. Ní chuimsíonn an crios tionchair neamh-mhaolaithe ó thaobh hidrigeolaíochta de aon bhealaí screamhuisce chuig an Láithreán Eorpach seo. Níl aon chonairí tionchar, díreach ná indíreach, trína bhféadfaí tionchar a imirt ar an Láithreán Eorpach seo. Níl aon tionchair fhéideartha *ex situ* ann a bhaineann leis an Láithreán Eorpach seo. | **Gnáthóga Foscríbhinn I *(* Gnáthóga Tosaíochta)*:**<br>• [3180] Turlaigh * |
| cSAC Thurlach Ráth Asáin (000322) | Suite thart faoi 11.5km soir ó dheas den fhorbairt bóthair atá beartaithe. Níl aon nasc hidreolaíoch ná hidrigeolaíoch leis an Láithreán Eorpach seo. Ní chuimsíonn an crios tionchair neamh-mhaolaithe ó thaobh hidrigeolaíochta de aon bhealaí screamhuisce chuig an Láithreán Eorpach seo. Níl aon chonairí tionchar, díreach ná indíreach, trína bhféadfaí tionchar a imirt ar an Láithreán Eorpach seo. Níl aon tionchair fhéideartha *ex situ* ann a bhaineann leis an Láithreán Eorpach seo. | **Gnáthóga Foscríbhinn I *(* Gnáthóga Tosaíochta)*:**<br>• [3180] Turlaigh * |
| cSAC Choimpléasc Loch Fionngheal (000606) | Suite thart faoi 9.5km soir ó dheas den fhorbairt bóthair atá beartaithe. Níl aon nasc hidreolaíoch ná hidrigeolaíoch leis an | **Gnáthóga Foscríbhinn I *(* Gnáthóga Tosaíochta)*:**<br>• [3180] Turlaigh * |

| **Cur síos ar láithreáin Eorpacha agus sainaithint na láithreán atá laistigh de Chrios Tionchair na forbartha bóthair atá beartaithe. Leagtar béim ar láithreáin Eorpacha atá laistigh den Crios Tionchair trína n-aibhsiú mar rónna liatha sa tábla seo.** | | |
|---|---|---|
| **Ainm & Cód an tSuímh** | **An fáth a bhfuil/nach bhfuil an láithreán laistigh de Crios Tionchair** | **Leasanna Cáilitheacha/Leasanna Speisialta Caomhantais** |
| | Láithreán Eorpach seo. Ní chuimsíonn an crios tionchair neamh-mhaolaithe ó thaobh hidrigeolaíochta de aon bhealaí screamhuisce chuig an Láithreán Eorpach seo. Níl aon chonairí tionchar, díreach ná indíreach, trína bhféadfaí tionchar a imirt ar an Láithreán Eorpach seo. Níl aon tionchair fhéideartha *ex situ* ann a bhaineann leis an Láithreán Eorpach seo. | • [4060] Fraochmhánna Alpacha agus Bóireacha<br>• [5130] Juniperus communis ag fás le chéile ar fhraochmhánna nó ar thailte féaraigh cailcreacha<br>• [6210] Féarach tirim leathnádúrtha agus faiséis scrobarnaí ar fhoshraitheanna calcharacha (Festuco Brometalia) (* láithreáin thábhachtacha magairlíní)<br>• [7210] Eanaigh chailcreacha ina bhfuil *Cladium mariscus* agus speicis den *Caricion davallianae* *<br>• [8240] Pábháil aolchloiche *<br>**Speicis Foscríbhinn II *(** Speicis Foscríbhinn IV freisin)*:**<br>• [1303] An Chrú-ialtóg bheag - *Rhinolophus hipposideros* ** |
| cSAC Choimphleasc Phortach Chonamara (002034) | Suite thart faoi 6km siar ón bhforbairt bóthair atá beartaithe. Níl aon nasc hidreolaíoch ná hidrigeolaíoch leis an Láithreán Eorpach seo. Ní chuimsíonn an crios tionchair neamh-mhaolaithe ó thaobh hidrigeolaíochta de aon bhealaí screamhuisce chuig an Láithreán Eorpach seo. Níl aon chonairí tionchar, díreach ná indíreach, trína bhféadfaí tionchar a imirt ar an Láithreán Eorpach seo. Níl aon tionchair fhéideartha *ex situ* ann a bhaineann leis an Láithreán Eorpach seo. | **Gnáthóga Foscríbhinn I *(* Gnáthóga Tosaíochta)*:**<br>• [1150] Murlaigh cósta *<br>• [1170] Sceireacha<br>• [3110] Uiscí olagalatrófacha ó mhánna gainimh nach bhfuil ach fíorbheagán mhianraí iontu *(Littorelletalia uniflorae)*<br>• [3160] Lochanna agus locháin diostrófacha nádúrtha<br>• [3260] Cúrsaí uisce ó leibhéil mhánna go leibhéil sléibhe a bhfuil fásra *Ranunculion fluitantis* agus *Callitricho-Batrachion* iontu<br>• [4010] Fraochmhánna fliucha an Atlantaigh Thuaidh ina bhfásann *Erica tetralix*<br>• [4030] Fraochmhánna tirime Eorpacha |

| Cur síos ar láithreáin Eorpacha agus sainaithint na láithreán atá laistigh de Chrios Tionchair na forbartha bóthair atá beartaithe. Leagtar béim ar láithreáin Eorpacha atá laistigh den Crios Tionchair trína n-aibhsiú mar rónna liatha sa tábla seo. | | |
|---|---|---|
| **Ainm & Cód an tSuímh** | **An fáth a bhfuil/nach bhfuil an láithreán laistigh de Crios Tionchair** | **Leasanna Cáilitheacha/Leasanna Speisialta Caomhantais** |
| | | • [6410] Móinéir *Molinia* ar ithreacha cailcreacha, móna nó marla a bhfuil ualaigh siolta orthu (*Molinion caeruleae*)<br>• [7130] Bratphortach (* gníomhach amháin)<br>• [7140] greallacha idirthréimhseacha agus portaigh chreathacha [7140]<br>• [7150] Logáin ar fhoshraitheanna móna *Rhynchosporion*<br>• [7230] Eanaigh alcaileacha<br>• [91A0] Seanchoillte darach gaelach ina bhfuil *Ilex* agus *Blechnum* sna hOileáin Bhriotanacha<br>**Speicis Foscríbhinn II *(** Speicis Foscríbhinn IV freisin)*:**<br>• [1065] Fritileán réisc (Euphydryas aurinia)<br>• [1106] An Bradán (*Salmo salar*)<br>• [1355] An Madra Uisce (*Lutra lutra*) **<br>• [1833] An tSíofróg uisce - *Najas flexilis* |
| cSAC Loch agus Coillte an Rois (001312) | Suite thart faoi 10km siar ó thuaidh ón bhforbairt bóthair atá beartaithe. Níl aon nasc hidreolaíoch ná hidrigeolaíoch leis an Láithreán Eorpach seo. Ní chuimsíonn an crios tionchair neamh-mhaolaithe ó thaobh hidrigeolaíochta de aon bhealaí screamhuisce chuig an Láithreán Eorpach seo. Níl aon chonairí tionchar, díreach ná indíreach, trína bhféadfaí tionchar a imirt ar an Láithreán Eorpach seo. Níl aon tionchair | **Gnáthóga Foscríbhinn I *(* Gnáthóga Tosaíochta)*:**<br>• [3140] Olaga crua-uiscí méiseatrófacha ina bhfuil fásra beantach Chara spp.<br>• [6410] Móinéir Molinia ar ithreacha cailcreacha, móna nó marla a bhfuil ualaigh siolta orthu (Molinion caeruleae)<br>• [7230] Eanaigh alcaileacha<br>• [91E0] Foraoisí gláracha ina bhfuil Alnus glutinosa agus Fraxinus excelsior (Alno-Padion, |

| Cur síos ar láithreáin Eorpacha agus sainaithint na láithreán atá laistigh de Chrios Tionchair na forbartha bóthair atá beartaithe. Leagtar béim ar láithreáin Eorpacha atá laistigh den Crios Tionchair trína n-aibhsiú mar rónna liatha sa tábla seo. | | |
|---|---|---|
| **Ainm & Cód an tSuímh** | **An fáth a bhfuil/nach bhfuil an láithreán laistigh de Crios Tionchair** | **Leasanna Cáilitheacha/Leasanna Speisialta Caomhantais** |
| | fhéideartha *ex situ* ann a bhaineann leis an Láithreán Eorpach seo. | Alnion incanae, Salicion albae) *<br>**Speicis Foscríbhinn II *(** Speicis Foscríbhinn IV freisin)*:**<br>• [1303] An Chrú-ialtóg bheag - *Rhinolophus hipposideros* **<br>• [1355] An Madra Uisce (Lutra lutra) ** |
| cSAC pábháil aolchloiche Ghort na nDarach (001271) | Suite thart faoi 12.5km siar ó thuaidh ón bhforbairt bóthair atá beartaithe. Níl aon nasc hidreolaíoch ná aon nasc eile leis an Láithreán Eorpach seo. Níl aon chonairí tionchar, díreach ná indíreach, trína bhféadfaí tionchar a imirt ar an Láithreán Eorpach seo. Níl aon tionchair fhéideartha *ex situ* ann a bhaineann leis an Láithreán Eorpach seo. | **Gnáthóga Foscríbhinn I *(* Gnáthóga Tosaíochta)*:**<br>• [8240] Pábháil aolchloiche * |
| cSAC Choimpléasc Chaisleán an Táilliúraigh (000242) | Suite thart faoi 12km soir ó dheas den fhorbairt bóthair atá beartaithe. Níl aon nasc hidreolaíoch ná hidrigeolaíoch leis an Láithreán Eorpach seo. Ní chuimsíonn an crios tionchair neamh-mhaolaithe ó thaobh hidrigeolaíochta de aon bhealaí screamhuisce chuig an Láithreán Eorpach seo. Níl aon chonairí tionchar, díreach ná indíreach, trína bhféadfaí tionchar a imirt ar an Láithreán Eorpach seo. Níl aon tionchair fhéideartha *ex situ* ann a bhaineann leis an Láithreán Eorpach seo. | **Gnáthóga Foscríbhinn I *(* Gnáthóga Tosaíochta)*:**<br>• [3180] Turlaigh *<br>• [4060] Fraochmhánna Alpacha agus Bóireacha<br>• [5130] Juniperus communis ag fás le chéile ar fhraochmhánna nó ar thailte féaraigh cailcreacha<br>• [6210] Féarach tirim leathnádúrtha agus faiséis scrobarnaí ar fhoshraitheanna calcharacha (*Festuco Brometalia*) (* láithreáin thábhachtacha magairlíní)<br>• [8240] Pábháil aolchloiche * |

**Cur síos ar láithreáin Eorpacha agus sainaithint na láithreán atá laistigh de Chrios Tionchair na forbartha bóthair atá beartaithe. Leagtar béim ar láithreáin Eorpacha atá laistigh den Crios Tionchair trína n-aibhsiú mar rónna liatha sa tábla seo.**

| Ainm & Cód an tSuímh | An fáth a bhfuil/nach bhfuil an láithreán laistigh de Crios Tionchair | Leasanna Cáilitheacha/Leasanna Speisialta Caomhantais |
|---|---|---|
| cSAC Cheann Boirne-Pholl Salach (000020) | Suite thart faoi 11km ó dheas ón bhforbairt bóthair atá beartaithe. Níl aon nasc hidreolaíoch ná hidrigeolaíoch leis an Láithreán Eorpach seo. Ní chuimsíonn an crios tionchair neamh-mhaolaithe ó thaobh hidrigeolaíochta de aon bhealaí screamhuisce chuig an Láithreán Eorpach seo. Níl aon chonairí tionchar, díreach ná indíreach, trína bhféadfaí tionchar a imirt ar an Láithreán Eorpach seo. Níl aon tionchair fhéideartha *ex situ* ann a bhaineann leis an Láithreán Eorpach seo. | **Gnáthóga Foscríbhinn I *(* Gnáthóga Tosaíochta)*:**<br>• [1170] Sceireacha<br>• [1220] Fásra ilbhliantúil ar bhruacha clochacha<br>• [3260] Cúrsaí uisce ó leibhéil mhánna go leibhéil sléibhe a bhfuil fásra *Ranunculion fluitantis* agus *Callitricho-Batrachion* iontu<br>• [4060] Fraochmhánna Alpacha agus Bóireacha<br>• [5130] *Juniperus communis* ag fás le chéile ar fhraochmhánna nó ar thailte féaraigh cailcreacha<br>• [6210] Féarach tirim leathnádúrtha agus faiséis scrobarnaí ar fhoshraitheanna calcharacha (*Festuco Brometalia*) (* láithreáin thábhachtacha magairlíní)<br>• [6510] Móinéir ísealchríche (*Alopecurus pratensis, Sanguisorba officinalis*)<br>• [7220] Fuaráin chlochraithe ina bhfuil túfa ag fás (*Cratoneurion*) *<br>• [8240] Pábháil aolchloiche *<br>• [8330] Pluaiseanna farraige atá faoi uisce nó faoi uisce go páirteach<br>**Speicis Foscríbhinn II *(** Speicis Foscríbhinn IV freisin)*:**<br>• [1395] Lus na bpeiteal (Petalophyllum ralfsii) |
| cSAC Shliabh Mhóinín (000054) | Suite thart faoi 13km ó dheas ón bhforbairt bóthair atá beartaithe. Níl aon nasc hidreolaíoch ná hidrigeolaíoch leis an Láithreán Eorpach seo. Ní chuimsíonn an crios tionchair neamh-mhaolaithe ó thaobh | **Gnáthóga Foscríbhinn I *(* Gnáthóga Tosaíochta)*:**<br>• [3180] Turlaigh *<br>• [4060] Fraochmhánna Alpacha agus Bóireacha |

**Cur síos ar láithreáin Eorpacha agus sainaithint na láithreán atá laistigh de Chrios Tionchair na forbartha bóthair atá beartaithe. Leagtar béim ar láithreáin Eorpacha atá laistigh den Crios Tionchair trína n-aibhsiú mar rónna liatha sa tábla seo.**

| **Ainm & Cód an tSuímh** | **An fáth a bhfuil/nach bhfuil an láithreán laistigh de Crios Tionchair** | **Leasanna Cáilitheacha/Leasanna Speisialta Caomhantais** |
|---|---|---|
| | hidrigeolaíochta de aon bhealaí screamhuisce chuig an Láithreán Eorpach seo. Níl aon chonairí tionchar, díreach ná indíreach, trína bhféadfaí tionchar a imirt ar an Láithreán Eorpach seo. Níl aon tionchair fhéideartha *ex situ* ann a bhaineann leis an Láithreán Eorpach seo. | • [5130] *Juniperus communis* ag fás le chéile ar fhraochmhánna nó ar thailte féaraigh cailcreacha<br>• [6130] Féarach Calamainéarach an *Violetalia calaminariae*<br>• [6210] Féarach tirim leathnádúrtha agus faiséis scrobarnaí ar fhoshraitheanna calcharacha (*Festuco Brometalia*) (* láithreáin thábhachtacha magairlíní)<br>• [7220] Fuaráin chlochraithe ina bhfuil túfa ag fás (*Cratoneurion*) *<br>• [8240] Pábháil aolchloiche *<br>**Speicis Foscríbhinn II *(** Speicis Foscríbhinn IV freisin)*:**<br>• [1065] Fritileán réisc (*Euphydryas aurinia*)<br>• [1303] An Chrú-ialtóg bheag - *Rhinolophus hipposideros* ** |
| cSAC Choimpléasc na Boirne Thoir (001926) | Suite thart faoi 13km ó dheas ón bhforbairt bóthair atá beartaithe. Níl aon nasc hidreolaíoch ná hidrigeolaíoch leis an Láithreán Eorpach seo. Ní chuimsíonn an crios tionchair neamh-mhaolaithe ó thaobh hidrigeolaíochta de aon bhealaí screamhuisce chuig an Láithreán Eorpach seo. Níl aon chonairí tionchar, díreach ná indíreach, trína bhféadfaí tionchar a imirt ar an Láithreán Eorpach seo. Níl aon tionchair fhéideartha *ex situ* ann a bhaineann leis an Láithreán Eorpach seo. | **Gnáthóga Foscríbhinn I *(* Gnáthóga Tosaíochta)*:**<br>• [3140] Olaga crua-uiscí méiseatrófacha ina bhfuil fásra beantach Chara spp.<br>• [3180] Turlaigh *<br>• [3260] Cúrsaí uisce ó leibhéil mhánna go leibhéil sléibhe a bhfuil fásra *Ranunculion fluitantis* agus *Callitricho-Batrachion* iontu<br>• [4060] Fraochmhánna Alpacha agus Bóireacha<br>• [5130] *Juniperus communis* ag fás le chéile ar fhraochmhánna nó ar thailte féaraigh cailcreacha<br>• [6210] Féarach tirim leathnádúrtha agus faiséis scrobarnaí ar fhoshraitheanna calcharacha (*Festuco Brometalia*) (* láithreáin thábhachtacha magairlíní) |

| **Cur síos ar láithreáin Eorpacha agus sainaithint na láithreán atá laistigh de Chrios Tionchair na forbartha bóthair atá beartaithe. Leagtar béim ar láithreáin Eorpacha atá laistigh den Crios Tionchair trína n-aibhsiú mar rónna liatha sa tábla seo.** | | |
|---|---|---|
| **Ainm & Cód an tSuímh** | **An fáth a bhfuil/nach bhfuil an láithreán laistigh de Crios Tionchair** | **Leasanna Cáilitheacha/Leasanna Speisialta Caomhantais** |
| | | • [6510] Móinéir ísealchríche (*Alopecurus pratensis, Sanguisorba officinalis*)<br>• [7210] Eanaigh chailcreacha ina bhfuil *Cladium mariscus* agus speicis den *Caricion davallianae* *<br>• [7220] Fuaráin chlochraithe ina bhfuil túfa ag fás (*Cratoneurion*) *<br>• [7230] Eanaigh alcaileacha<br>• [8240] Pábháil aolchloiche *<br>• [8310] Pluaiseanna nach bhfuil ar oscailt don phobal<br>• [91E0] Foraoisí gláracha ina bhfuil Alnus glutinosa agus Fraxinus excelsior (Alno-Padion, Alnion incanae, Salicion albae) *<br>**Speicis Foscríbhinn II *(** Speicis Foscríbhinn IV freisin)*:**<br>• [1065] Fritileán réisc (*Euphydryas aurinia*)<br>• [1303] An Chrú-ialtóg bheag - *Rhinolophus hipposideros* **<br>• [1355] An Madra Uisce (*Lutra lutra*) ** |

| **Cur síos ar láithreáin Eorpacha agus sainaithint na láithreán atá laistigh de Chrios Tionchair na forbartha bóthair atá beartaithe. Leagtar béim ar láithreáin Eorpacha atá laistigh den Crios Tionchair trína n-aibhsiú mar rónna liatha sa tábla seo.** | | |
|---|---|---|
| **Ainm & Cód an tSuímh** | **An fáth a bhfuil/nach bhfuil an láithreán laistigh de Crios Tionchair** | **Leasanna Cáilitheacha/Leasanna Speisialta Caomhantais** |
| cSAC Turlach Bhaile Uí Bheacháin (996) | Suite thart faoi 15km ó dheas ón bhforbairt bóthair atá beartaithe. Níl aon nasc hidreolaíoch ná hidrigeolaíoch leis an Láithreán Eorpach seo. Ní chuimsíonn an crios tionchair neamh-mhaolaithe ó thaobh hidrigeolaíochta de aon bhealaí screamhuisce chuig an Láithreán Eorpach seo. Níl aon chonairí tionchar, díreach ná indíreach, trína bhféadfaí tionchar a imirt ar an Láithreán Eorpach seo. Níl aon tionchair fhéideartha *ex situ* ann a bhaineann leis an Láithreán Eorpach seo. | **Gnáthóga Foscríbhinn I *(* Gnáthóga Tosaíochta)*:**<br>• [3180] Turlaigh * |
| **Limistéir Chosanta Speisialta** | | |
| SPA Loch Coirib (004042) | Tá an fhorbairt bóthair atá beartaithe thart faoi 203m ón SPA ag an bpointe is gaire. Mar gheall ar an chaoi a bhféadfadh tionchair *ex situ* a bheith ar speiceas a bhfuil Leasanna Caomhantais Speisialta ag baint leo, lena n-áirítear tacú le limistéir bhogaigh laistigh de Chrios Tionchair na forbartha bóthair atá beartaithe, tá an Láithreán Eorpach seo laistigh den Chrios Tionchair. | • An Ghé Bhánéadanach Ghraonlannach (*Anser albifrons flavirostris*) [A395]<br>• An Gadual (*Anas strepera*) [A051]<br>• An Spadalach (*Anas clypeata*) [A056]<br>• An Póiseard (*Aythya ferina*) [A059]<br>• An Lacha bhadánach (*Aythya fuligula*) [A061]<br>• An Scótar (*Melanitta nigra*) [A065]<br>• Cromán na gCearc (Circus cyaneus) [A082]<br>• An Chearc cheannann (*Fulica atra*) [A125]<br>• An Fheadóg bhuí (*Pluvialis apricaria*) [A140] |

| Cur síos ar láithreáin Eorpacha agus sainaithint na láithreán atá laistigh de Chrios Tionchair na forbartha bóthair atá beartaithe. Leagtar béim ar láithreáin Eorpacha atá laistigh den Crios Tionchair trína n-aibhsiú mar rónna liatha sa tábla seo. | | |
|---|---|---|
| **Ainm & Cód an tSuímh** | **An fáth a bhfuil/nach bhfuil an láithreán laistigh de Crios Tionchair** | **Leasanna Cáilitheacha/Leasanna Speisialta Caomhantais** |
| | | • An Sléibhín (Chroicocephalus ridibundus) [A179]<br>• An Faoileán bán (*Larus canus*) [A182]<br>• An Gheabhróg (*Sterna hirundo*) [A193]<br>• An Gheabhróg Artach (Sterna paradisaea) [A194]<br>• Bogaigh |
| SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh (004031) | Tá an fhorbairt bóthair atá beartaithe thart ar 1.1km ón SPA ag Cuan Órán Mór agus Cuan an Roisín araon. Toisc go bhfuil réimse bealaí ann inar féidir tionchar a imirt ar an Láithreán Eorpach seo tá sé laistigh de Crios tionchair na forbartha bóthair atá beartaithe. | • An Lóma mór (Gavia immer) [A003]<br>• An Broigheall (Phalacrocorax carbo) [A017]<br>• An Corr réisc (Ardea cinerea) [A028]<br>• An Cadhan (Branta bernicla hrota) [A046]<br>• An Lacha rua (*Anas penelope*) [A050]<br>• An Phraslacha (*Anas crecca*) [A052]<br>• An Spadalach (*Anas clypeata*) [A056]<br>• An tSíolta rua (*Mergus serrator*) [A069]<br>• An Fheadóg chladaigh (Charadrius hiaticula) [A137]<br>• An Fheadóg bhuí (*Pluvialis apricaria*) [A140]<br>• An Pilibín (*Vanellus vanellus*) [A142]<br>• An Bhreacóg (*Calidris alpina*) [A149] |

| Cur síos ar láithreáin Eorpacha agus sainaithint na láithreán atá laistigh de Chrios Tionchair na forbartha bóthair atá beartaithe. Leagtar béim ar láithreáin Eorpacha atá laistigh den Crios Tionchair trína n-aibhsiú mar rónna liatha sa tábla seo. | | |
|---|---|---|
| **Ainm & Cód an tSuímh** | **An fáth a bhfuil/nach bhfuil an láithreán laistigh de Crios Tionchair** | **Leasanna Cáilitheacha/Leasanna Speisialta Caomhantais** |
| | | • An Guilbneach stríocearrach, (*Limosa lapponica*) [A157]<br>• An Crotach (*Numenius arquata*) [A160]<br>• An Cosdeargán (Tringa totanus) [A162]<br>• An Piardálaí trá (*Arenaria interpres*) [A169]<br>• An Sléibhín (Chroicocephalus ridibundus) [A179]<br>• An Faoileán bán (*Larus canus*) [A182]<br>• An Gheabhróg scothdhubh (*Sterna sandvicensis*) [A191]<br>• An Gheabhróg (*Sterna hirundo*) [A193]<br>• Bogaigh & Éin uisce [A999] |
| SPA Choimpléasc Phortach Chonamara (004181) | Suite thart faoi 9km siar ón bhforbairt bóthair atá beartaithe. Níl aon nasc hidreolaíoch ná aon nasc eile leis an Láithreán Eorpach seo. Níl aon chonairí tionchar, díreach ná indíreach, trína bhféadfaí tionchar a imirt ar an Láithreán Eorpach seo. Níl aon tionchair fhéideartha *ex situ* ann a bhaineann leis an Láithreán Eorpach seo. | • An Broigheall (*Phalacrocorax carbo*) [A017]<br>• An Meirliún (*Falco columbarius*) [A098]<br>• An Fheadóg bhuí (*Pluvialis apricaria*) [A140]<br>• An Faoileán bán (*Larus canus*) [A182] |
| Tá SPA Riasc Chreig Eanaigh (4142) | Suite thart faoi 4km thoir theas den fhorbairt bóthair atá beartaithe. Níl aon nasc hidreolaíoch ná aon nasc eile leis an Láithreán Eorpach seo. Níl aon chonairí tionchar, díreach ná indíreach, trína bhféadfaí tionchar a imirt ar an Láithreán | • An Ghé Bhánéadanach Ghraonlannach (*Anser albifrons flavirostris*) [A395] |

| **Cur síos ar láithreáin Eorpacha agus sainaithint na láithreán atá laistigh de Chrios Tionchair na forbartha bóthair atá beartaithe. Leagtar béim ar láithreáin Eorpacha atá laistigh den Crios Tionchair trína n-aibhsiú mar rónna liatha sa tábla seo.** | | |
|---|---|---|
| **Ainm & Cód an tSuímh** | **An fáth a bhfuil/nach bhfuil an láithreán laistigh de Crios Tionchair** | **Leasanna Cáilitheacha/Leasanna Speisialta Caomhantais** |
| | Eorpach seo. Níl aon tionchair fhéideartha *ex situ* ann a bhaineann leis an Láithreán Eorpach seo. | |
| Tá SPA Thurlach Ráth Asáin (004089) | Suite thart faoi 12km soir ó dheas den fhorbairt bóthair atá beartaithe. Níl aon nasc hidreolaíoch ná aon nasc eile leis an Láithreán Eorpach seo. Níl aon chonairí tionchar, díreach ná indíreach, trína bhféadfaí tionchar a imirt ar an Láithreán Eorpach seo. Níl aon tionchair fhéideartha *ex situ* ann a bhaineann leis an Láithreán Eorpach seo. | • An Eala ghlórach (Cygnus cygnus) [A038]<br>• An Lacha rua (*Anas penelope*) [A050]<br>• An Fheadóg bhuí (*Pluvialis apricaria*) [A140]<br>• An Guilbneach earrdhubh (Limosa limosa) [A156]<br>• An Ghé Bhánéadanach Ghraonlannach (*Anser albifrons flavirostris*) [A395]<br>• Bogaigh & Éin uisce [A999] |